



Idirnáisiúnú Sheirbhísí Oideachais na hÉireann



Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Idir-rannaigh

Samhain 2004



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S E O L A I O C H T A | A N D S C I E N C E

clár na nábhar

Brollach	4
Achoimre Feidhmiúcháin	5
Réamhrá	12
Comhthéacs	13
<ul style="list-style-type: none">• Éileamh ar oideachas ag fás• Forléargas ar an soláthar reatha do mhic léinn idirnáisiúnta in Éirinn• An réasúnaíocht is bonn le forbairt bhreise a dhéanamh ar sheirbhísí oideachais do mhic léinn eachtracha	
Oideachas Idirnáisiúnta – Sainmhíniú agus Scóip	16
<ul style="list-style-type: none">• Mic léinn idirnáisiúnta a thagann chun na hÉireann ar mhaithe le hOideachas Dara Leibhéal• Mic léinn idirnáisiúnta a thagann chun na hÉireann ar mhaithe le Breisoideachas ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta• Cúrsaí Béarla• Ardoideachas	
Éire a chur chun cinn	20
<ul style="list-style-type: none">• Struchtúir reatha chun Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais• Socruithe nua beartaithe• Ról, feidhmeanna agus comhdhéanamh an chomhlachta nua – Oideachas Éireann• Struchtúr agus Airgeadú Oideachas Éireann	
Dearbhú Cáilíochta	25
<ul style="list-style-type: none">• Cáilíocht• Dearbhú Cáilíochta san earnáil ardoideachais• Dearbhú Cáilíochta in earnáil an Oideachais don Saol• Rialáil earnáil an Oideachais don Saol	
Socruithe maidir le Víosaí, Inimirce agus Obair	28
<ul style="list-style-type: none">• Saincheisteanna maidir le Víosaí agus Inimirce• An tseirbhís víosa a fheabhsú• Tograí maidir le tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras víosa• Diúltú d'íarratais ar víosaí• Mí-úsáid as córas víosaí na mac léinn• An fhadhb a bhaineann le fanacht thar an am atá leagtha amach• Rochtain ag mic léinn ar obair	

Toilleadh ag an Trú Leibhéal	33
<ul style="list-style-type: none">• An méadú go dtí seo• Fás san am atá le teacht• Infheistíocht• Coláistí Príobháideacha	
Saincheisteanna Eile	35
<ul style="list-style-type: none">• Scoláireachtaí• Taighdeoirí ó Thar Lear a Mhealladh Isteach• Soiléireacht maidir le costais iomlána cúrsaí• Ciníochas• An Tuaisceart/An Deisceart• Faisnéis Idirlíon-bhunaithe	
Conclúid	38
Aguisín I: Creat um Dhearbhú Cáilíochta don Ardoideachas	39
Aguisín II: Liosta de na haighneachtaí a fuarthas	41
Aguisín III: Liosta de Chomhaltaí an Ghrúpa Oibre	42
Leabharliosta	42

Brollach



Tá taithí na gcianta ag Éirinn ar an oideachas idirnáisiúnta. Cúig chéad déag bliain ó shin, bhí cáil ar Éirinn mar cheann d'ionaid mhóra an léinn sa domhan forbartha. Ón am sin i leith, is iomaí misinéir agus díograiseoir Éireannach a d'oibrigh i dtíortha ar fud an domhain, iad ag cuidiú go díreach le forbairt áitiúil trí sheirbhísí oideachais a sholáthar. Le blianta beaga anuas, bhí feabhas an oideachais in Éirinn ar cheann de na cúiseanna is mó gur tháinig biseach iontach ar ár ngeilleagar. Tá geilleagar na hÉireann ar cheann de na geilleagair is oscailte ar domhan anois agus tá an-tairbhe go deo bainte aige as an domhandú mear a tharla i dtrádáil earraí agus seirbhísí. Faigheann daoine earraí anois ó lear mór tíortha éagsúla agus, ar an gcaoi cheannann chéanna, tá mic léinn ag gach leibhéal ag tabhairt faoin léann i dtíortha iasachta.

Tá eanáil na seirbhísí oideachais idirnáisiúnta ar cheann de na hearnálacha gnó is tapúla fáis ar domhan. I dtuarascáil a tháinig amach ó Chomhairle na Breataine le déanaí, dúradh go meastar go bhfuil 2.1 mhilliún mac léinn ar fud an domhain ag tabhairt faoin ardoideachas agus go méadóidh an figiúr sin go 5.8 mhilliún faoin mbliain 2020. Mar gheall ar an méadú mór atá ag teacht ar úsáid an Bhéarla sa domhan, tá borradh ag teacht faoin éileamh ar chúrsaí Béarla. Ceaptar go mbeidh billiún cainteoir Béarla ann faoin mbliain 2050 agus go mbeidh dhá thrian díobh sin ina gcainteoirí Béarla nach cainteoirí dúchais iad. Tá cuid thábhachtach den ghnó sin faighte ag Éirinn cheana féin; tháinig 200,000 cuairteoir go hÉirinn in 2003 chun staidéar a dhéanamh ar an mBéarla. Meastar go gcuireann an eanáil seo €300 milliún nó mar sin le geilleagar na hÉireann gach bliain.

Sílímse go bhfuil próifíl láidir, fhócasaithe, chomhleanúnach ag teastáil ó sheirbhísí oideachais na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta. Ní fhéadfar é sin a dhéanamh ach trí chur chuige aontaithe, dúthachtach ina dtabharfar na páirtithe leasmhara éagsúla le chéile. De thoradh na moltaí atá sa tuarascáil, réiteofar an bealach do chur chuige comhpháirtíochta maidir le hÉirinn a chur chun cinn do mhic léinn agus forais iasachta. Beidh dualgas ar na gníomhaireachtaí agus na páirtithe leasmhara ábhartha cur leis an rath a bhí ar an mbranda 'Oideachas Éireann' thar sáile go dtí seo. Tacóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha, trína géasán d'oifigí thar sáile, leis an obair seo freisin. Tuigim go mbainfidh an-tábhacht le hardtosaíocht a thabhairt i gcónaí do leas na mac léinn uile, bídís ina mic léinn Éireannacha nó ina mic léinn idirnáisiúnta.

Is mór agam mo bheannacht a thabhairt do thuarascáil an ghrúpa agus tacaíocht láidir a thabhairt don chur chuige comhpháirtíochta atá leagtha amach ó thús deireadh an phróisis. Táim ag súil go mór leis an obair a bheidh ar siúl agam le comhpháirtithe ón eanáil phoiblí agus ón eanáil phríobháideach d'fhonn a chinntiú go mbeidh Éire in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna atá á gcur ar fáil ag eanáil fáis na seirbhísí oideachais idirnáisiúnta.

Máire Ní Ainifín TD

An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Achoimre Feidhmiúcháin

Réamhrá

Tar éis don Rialtas togra ón Aire Oideachais agus Eolaíochta a cheadú, bunaíodh grúpa idir-rannach agus é de dhualgas air ceist 'Idirnáisiúnú' sheirbhísí oideachais na hÉireann a bhreithniú.

Ar na ceisteanna a tháinig chun tosaigh i gcomhthéacs obair an ghrúpa bhí dearbhú cáilíochta, ceisteanna maidir le hinimirce agus víosaí agus mí-úsáid an chórais, an gá le rialáil fheabhsaithe, socruithe le haghaidh margáíochta agus cur chun cinn sa todhchaí, tacaí acadúla agus institiúideacha i gcomhair mic léinn idirnáisiúnta agus scoláireachtaí.

Comhthéacs

Agus an daonra agus ioncam ag méadú thar sáile, gnó is ea oideachas mic léinn atá ag méadú leis i gcónaí. Sa domhan trí chéile, tá thart faoi 2.1 milliún mac léinn iasachta in oideachas treasach amháin agus meastar go dtiocfaidh méadú eile fós ar an bhfigiúr sin. Tá méadú ag teacht ar an éileamh atá ar sheirbhísí oideachais agus dá bharr sin is iomaí deis agus dúshlán atá ag Éirinn.

Tá roinnt tíortha ann atá ag baint leasa as an deis seo ar bhealach níos réamhghníomhaí agus níos comhordaithe ná Éire; is tíortha ina labhraítear an Béarla a bhformhór seo, cé go bhfuil roinnt tíortha ina measc nach é an Béarla an phríomhtheanga. Tá an earnáil oideachais tar éis roinnt mhaith airgead iasachta a thuilleamh do chuid mhór tíortha ina labhraítear an Béarla.

Meastar gur thart faoi €140 milliún an méid airgid a fuarthas ó mhic léinn tríd leibhéal iasachta in 2001/2002, agus táillí ba ea €68 milliún de sin. Tugann earnáil an Bhéarla mar Theanga Iasachta (EFL) beagnach 200,000 cuairteoir go hÉirinn agus faightear luach measta €300 d'ioncam ón iasacht dá bharr.

Dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an margadh oideachais ionas go mbeadh sé ina chóras oideachais a bheadh níos oscailte go hidirnáisiúnta, bheifí ag teacht leis an gcineál geilleagair atá in Éirinn trí chéile – geilleagar oscailte atá dírithe ar easpórtáil. Saibhríonn sé eispéireas na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne freisin agus déanann sé éascaíocht do chomhoibriú eacnamaíoch, airgeadais agus polaitiúil. Ba cheart go spreagfadh sé an turasóireacht sna blianta romhainn, go gcuideodh sé le heaspórtáil ó Éirinn a chur chun cinn, agus go soláthródh sé foinse eile de chéimithe ardoilte.

Oideachas idirnáisiúnta – sainmhíniú agus scóip

Chun críche na tuarascála seo, bhreithnigh an Grúpa sainmhíniú agus scóip an oideachais idirnáisiúnta chun go n-áireofaí: mic léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn le haghaidh oideachas dara leibhéal, breisoideachas i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, cúrsaí Béarla agus soláthar ardoideachais faoi mhodhanna éagsúla seachadta.

Moltaí

1. Ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an margadh oideachais idirnáisiúnta chun sochair a ghiniúint don tír ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de. Tig le láithreach na mac léinn ó thar lear cabhrú le tuiscint, caoinfhulaingt agus comhtháthú a chur chun cinn laistigh d'Éirinn agus le sochaithe, cultúir agus tíortha eile. Is bealach é chun gréasáin agus teagmhálacha a chur le chéile a d'fhéadfadh tacú le forbairt ar chomhoibriú eacnamaíoch, airgeadais agus polaitiúil san am atá amach romhainn.
2. Laistigh de chreat bheartas reatha an Rialtais, ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i gcomhar leis na soláthróirí, cíoradh a dhéanamh ar an deis atá ann líon na mac léinn iasachta in earnáil na gCúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a mhéadú agus, ag an am céanna, deimhin a dhéanamh de go nglanfar costais go hiomlán ó na táillí a ghearrtar.
3. Ba chóir go mbeadh ról tábhachtach ag earnáil an Bhéarla mar Theanga Iasachta sna bliana romhainn agus go mbeadh sé sin bunaithe ar na moltaí atá sa tuarascáil seo ar ball a bhaineann le rialáil agus dearbhú cáilíochta.
4. Ba chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta scrúdú níos mine a dhéanamh ar réimse an oideachais dara leibhéal agus aird faoi leith a thabhairt ar an bpoitéinseal atá ann líon na ndaltaí iasachta a mhéadú, na costais a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus an táille chúí a bheadh de dhíth chun na costais a ghlanadh.
5. Mar chuid de chur chun cinn agus margaíocht an oideachais idirnáisiúnta, ní mór dianmhachnamh a dhéanamh ar na modhanna éagsúla trína seachadtar an t-ardoideachas, agus taighde cuí a choimisiúnú, chun faisnéis agus treoir a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas is fearr.

Éire a chur chun cinn

Ag an leibhéal náisiúnta, is iad na príomhghníomhaireachtaí atá ag plé le hÉirinn a chur chun cinn agus a mhargú thar lear ná Bord Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann (IEBI), Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann. Cabhraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha le heaspórtálacha oideachais a chur chun cinn trína líonra ambasáidí agus consalachtaí.

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta a fheidhmíonn faoi chúram na Roinne Oideachais agus Eolaíochta is ea an Chomhairle um Scoileanna Béarla (ACELS). Áirítear ar a cuid cuspóirí, rialú a dhéanamh ar chaighdeáin i gcreidiúnú scoileanna an Bhéarla mar Theanga lasachta agus in oiliúint múinteoirí TEFL.

An moladh go mbunófaí gníomhaireacht amháin chun beartas a chomhordú agus Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais, fuair sé tacaíocht láidir i bhformhór na n-aighneachtaí a fuair an Grúpa.

Moltaí

6. Ba chóir comhlacht nua ar a dtabharfar ‘Oideachas Éireann’ a bhunú agus feidhmeanna sonracha a bheith aige i réimsí éagsúla lena n-áirítear freagracht as an Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann a dhámhachtain, cód iompair a fheidhmiú le haghaidh thréadchúram na mac léinn idirnáisiúnta agus scoileanna EFL a theastasú.
7. Ba chóir gach comhalta foirne in IEBI agus ACELS a thabhairt isteach in Oideachas Éireann agus go bhfeidhmeodh Oideachas Éireann mar ghníomhaireacht láir do chur chun cinn na hÉireann mar ionad um oideachas den scoth.
8. Ba chóir d’Oideachas Éireann prótacail a bhunú le Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann agus ba chóir dó oibriú go dlúth leo chun a chinntiú go mbeidh an comhfhuinneamh agus an comhoibriú is fearr ann sa mhargaíocht agus sa chur chun cinn.
9. Ba chóir forais aonair a spreagadh chomh maith chun leanúint ar aghaidh le margaíocht agus cur chun cinn a gclár féin faoi bhranda Oideachas Éireann.
10. Ba chóir go mbeadh Bord Oideachas Éireann i gceannas ar an ngníomhaireacht nua. Ba chóir go mbeadh a laghad daoine agus is féidir ar an mBord sin chun go mbeidh an obair níos éifeachtaí.
11. Ba chóir go mbeadh ról díreach Oideachas Éireann i gcreidiúnú earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta á fheidhmiú trí fhochoiste saineolaithe /speisialtóirí a chuirfeadh comhairle ar an mBord.

12. Ba chóir don Bhord, i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí fearacht na Comhairle um Breisoideachas agus Oiliúint, na Comhairle um Ardoideachas agus Oiliúint, an Údarás um Ard-Oideachas agus na ngníomhaireachtaí ábhartha a dhéanann a ndámhachtainí féin faoi fhorálacha reachtúla, tabhairt faoi reáchtáil an phróisis faoina ndámhtar an marc um cháilíocht do chlár bhreisoideachais agus ardoideachais (i bhforais phoiblí agus phríobháideacha) i réimse leathan disciplíní. Ba chóir na socruithe sin a chur i bhfeidhm i gcás clár oideachais a mhaireann trí mhí ar a laghad. Leanfaidh próiseas eile um aitheantas / faomhadh de bheith i bhfeidhm do sholáthróirí in earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta a thairgeann gearrchúrsaí agus a chomhlíonann na critéir atá leagtha síos. Is é Oideachas Éireann a fheidhmeoidh an próiseas sin freisin.
13. Mar aitheantas don tábhacht atá le seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a fhorbairt do mhic léinn idirnáisiúnta in Éirinn, ba chóir go mbeadh discríd ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus tacaíocht aici ó chreat rialála,
 - i. nósanna imeachta iarratais víosa níos sciobtha a bhunú dóibh siúd atá ag iarraidh a staidéir a dhéanamh i scoil aitheanta a bhfuil Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann aici agus
 - ii. víosaí a dhiúltú chun staidéar i bhforais nach bhfuil an Marc um Cháilíocht acu
14. Ba chóir Oideachas Éireann a bhunú ar bhonn reachtúil chun béim a chur ar an tábhacht a mheasann an Rialtas atá le ról agus feidhmeanna an chomhlachta agus chun seasmhacht agus soiléireacht níos mó a thabhairt feasta.
15. Ba chóir go mbeadh féinmhaoiniú mar aidhm mheántréimhseach ag Oideachas Éireann, trí mheascán de mhéadú de réir a chéile ar na táillí agus ioncam breise a fháil ó mhéadú sa mhargadh a bheadh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta.

Dearbhú cáilíochta

Gné thábhachtach chun foghlaimoirí a mhealladh ó thar lear le tabhairt faoina gcuid oideachais ná go mbeadh cáilíocht an eispéiris oideachais le sonrú go soiléir. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann cáilíocht go díreach le caighdeáin acadúla cláir; baineann sí chomh maith le diminsin níos leithne d'eispéireas oideachais an duine, bunaithe ar cháilíocht na dtacaíochtaí agus na seirbhísí trí chéile. Áirítear orthu sin, mar shampla, seirbhísí treorach, lóistín, sláinte agus leasa. Tá socruithe daingne um dhearbhú cáilíochta ina mbunchloch d'aon straitéis chun margaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí oideachais na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Moltaí

16. Ba chóir go mbeadh úsáid an mharc um cháilíocht ag forais ardoideachais i ndáil le cláir ardoideachais a sheachadadh do mhic léinn idirnáisiúnta bunaithe ar nósanna imeachta reatha um dhearbhú cáilíochta a chur i ngníomh sa chreat reatha um dhearbhú cáilíochta don earnáil.
17. Ba chóir cód cleachtas a fhorbairt i gcomhar le forais ardoideachais agus é a bheith faoi réir cheadú Oideachas Éireann. Ach cead a bheith faighte ó Oideachas Éireann, agus faoi réir nósanna imeachta sásúla um dhearbhú cáilíochta a bheith ann, bheadh sínitheoirí an chóid i dteideal an marc um cháilíocht a úsáid chun a gcláir a fhógairt agus mic léinn idirnáisiúnta a earcú, ar chuntar go gcomhlíonfaidís na nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta.
18. Ba chóir go mbeadh ar forais tuarascáil bhliantúil a thabhairt i leagan amach caighdeánach maidir le feidhmiú an chóid lena n-áirítear líon agus forleithne na ngearán a fhaightear ó mhic léinn idirnáisiúnta nó ar a son agus líon na ngearán nár freagraíodh go sásúil.
19. Chomh maith leis na socruithe reatha um dhearbhú cáilíochta, ba chóir cód cleachtas oiriúnach a fhorbairt do scoileanna Béarla mar Theanga lasachta agus go mbeadh socrú ann le haghaidh ceanglais den sórt céanna um thuairisciú agus comhlíonadh. Ba chóir go mbeadh na soláthróirí sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann i leith cúrsaí atá níos faide ná trí mhí.
20. Tugann an Grúpa tacaíocht don choincheap maidir le rialáil éigeantach in earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta do chúrsaí a mhairfidh níos faide ná trí mhí. Molann sé go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta socruithe do mhionscrúdú ar na saincheistanna a bhaineann le comhchomhairle, de réir mar is cuí, le páirtithe leasmhara d'fhonn Dréacht-Cheannteidil Bille a ullmhú chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt creat rialála.

Socruithe maidir le víosaí, inimirce agus obair

Léirigh roinnt daoine a ghlac páirt sa phróiseas comhchomhairle a n-ímní faoin am a ghlacann sé víosaí a phróiseáil, an chumarsáid leis an gcóras riaracháin víosa/inimirce, neamhréireachtaí a bhraitear a bheith i nósanna imeachta agus an ráta ard dliúltuithe do chatagóirí áirithe iarratas ar víosa.

Ceist ríthábhachtach i ndáil le roinnt de na margaí atá ag fás is ea comhleanúnachas, trédhearcacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais víosa. Aithníonn an Grúpa go bhfuil gá le beartas soiléir, comhsheasmhach Rialtais a rialóidh inimirce ar mhaithe le staidéar, lena n-áirítear saincheisteanna um víosaí; ba chóir go gcuirfí leasanna eacnamaíocha náisiúnta san áireamh i mbeartas den sórt sin, chomh maith le saincheisteanna slándála, agus go gcuirfí i bhfeidhm é go comhsheasmhach i ngach réimse den chóras víosa / inimirce.

Tuigean an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha nach bhfuil an tseirbhís víosa atá ar fáil chomh maith agus ba mhian leo agus tá siad ag oibriú i dtreo an scéal a fheabhsú.

I rith 2003, chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcomhar leis an Aire Gnóthaí Eachtracha tograí faoi bhráid an Rialtais chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcóras. Tá dul chun cinn á dhéanamh ina leith sin.

Moltaí

21. Dá ngéaródh na forais oideachais ar a n-airdeall agus dá mbeadh comhoibriú níos fearr eatarthu agus na seirbhísí víosa, chuirfí lenár gcumas maolú a dhéanamh ar an deis a bhíonn ag daoine mí-úsáid a bhaint as an gcóras.
22. Daoine nach náisiúnaigh de chuid Cheantar Eacnamaíoch na hEorpa iad agus a bhíonn ag freastal ar chúrsaí gearrthéarmacha, níor cheart go mbeadh cead acu fanacht thar ocht mí dhéag.
23. Moltar mar sin gur chóir socrú, ar féidir é a chur i bhfeidhm ó thaobh riaracháin de, a fhorbairt a mbeadh na prionsabail seo a leanas i gceist leis:
 - Nach mbeadh rochtain ar an margadh oibre ach ag mic léinn ar chúrsaí lánaimseartha, is iad sin, cúrsaí a mhaireann ar feadh tréimhse bliana ar a laghad agus a mbeadh cáilíocht a bheadh aitheanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta mar thoradh orthu.
 - Nach mbeadh rochtain ar obair ag mic léinn a thugann faoi chúrsaí réamhullmhúcháin (mar shampla cúrsaí teanga) roimh a gcúrsa lánaimseartha a mhairfeadh ar feadh aon bhliana amháin ar a laghad agus a mbeadh cáilíocht aitheanta mar thoradh air, go dtí go gcláródís ar an gcúrsa lánaimseartha sin.

Toilleadh ag an Tríú Leibhéal

Níor fíoraíodh an t-ionchas le blianta beaga anuas go mbeadh éifeacht ag an laghdú ar líon na mbreitheanna sna 1980idí ar líon na n-iontrálacha sna forais tríú leibhéal agus ní chuireann an líon iontrálacha atá á thuar ag an tríú leibhéal in iúl go mbeidh aon ‘díbhinn dhéimeagrafach’ shuntasach ar fáil sna blianta amach romhainn. Má chuirtear san áireamh go gcaithfear a chinntiú nach ndéanfar mic léinn, a bhfuil a dteaghlach ina gcónaí in Éirinn, a dhíláithriú mar thoradh ar fhorbairt na seirbhísí oideachais idirnáisiúnta, d’fhéadfadh sé go mbeidh áit do bhreis agus 160,000 mac léinn ag teastáil san earnáil tríú leibhéal, arna maoiniú go poiblí, faoi 2010.

Moltaí:

24. Ba chóir aon ioncam farasbairr ó tháillí, a fhaightear ó mhic léinn ó thar lear, a choinneáil chun é a úsáid ag leibhéal institiúideach.
25. Ba chóir áis iasachtaí a fhorbairt d’fhorais ardoideachais ar mhaith leo áiseanna a fhorbairt agus margáíocht a dhéanamh ar chlár do mhic léinn idirnáisiúnta faoin mbranda ‘Oideachas Éireann’.

Saincheisteanna Eile

Moltaí:

26. Ba chóir ugach a thabhairt d’fhorais oideachais ciste scoláireachtaí a chur ar fáil ón airgead a thuilleann siad go hidirnáisiúnta; ba chóir don Státchiste an ciste scoláireachtaí sin a mheaitseáil i dtosach báire faoi réir uasteorann €1 mhilliún sa bhliain.
27. Ba chóir d’Oideachas Éireann tacaíocht láidir a thabhairt do ghníomhaireachtaí a mhaoiníonn taighde agus d’fhorais ardoideachais ina gcuid iarrachtaí Éire a mhargú go hidirnáisiúnta mar ionad den scoth don taighde mar shlí bheatha.
28. Ba chóir d’fhorais a bhfuil sé i gceist acu mic léinn ó thar lear a mhealladh iarracht a dhéanamh réamhaisnéis a chur ar fáil maidir leis na pacáistí táillí a léiríonn leibhéal na dtáillí a bheidh le híoc gach bliain den chlár.
29. Ba chóir go mbeadh glacadh na mbeartas de réir an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta in aghaidh an Chinióchais riachtanach chun an Marc um Cháilíocht a bhaint amach.
30. Ba chóir d’Oideachas Éireann dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara éagsúla i dTuaisceart Éireann chun go sonrúfaí réimsí ina bhféadfaí tuilleadh comhoibriúcháin a dhéanamh sna seirbhísí oideachais idirnáisiúnta.
31. Ba chóir d’Oideachas Éireann oibriú le soláthróirí seirbhísí oideachais do mhic léinn ó thar lear chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as an tairseach náisiúnta d’ardoidéachas agus taighde atá molta d’Éirinn chun faisnéis le haghaidh margáíochta ar sheirbhísí oideachais na hÉireann a sholáthar.

Réamhrá

Tar éis don Rialtas togra ón Aire Oideachais agus Eolaíochta a cheadú (S180/20/10/0679 den 16 Iúil 2003), bunaíodh grúpa idir-rannach agus é de dhualgas air na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- a. an chaoi is éifeachtaí chun Éire a chur chun cinn mar ionad um oideachas den scoth do mhic léinn idirnáisiúnta agus chun an t-oideachas Éireannach a chur chun cinn thar sáile.
- b. ‘Marc um Cháilíocht’ a chur chun tosaigh; shonrófaí anseo na caighdeáin éilithe um oideachas agus um thacaíocht do mhic léinn lena gcloífeadh gach soláthróir oideachais in Éirinn a bheadh ag iarraidh mic léinn iasachta a tharraingt chucu féin.
- c. na saincheisteanna éagsúla go léir a thagann chun tosaigh mar thoradh ar an rún atá ann idirnáisiúnú na seirbhísí oideachais a chur chun cinn agus a mhéadú, lena n-áirítear, inter alia, an fhéidearthacht a bhaineann le gníomhaireacht aonair amháin a bhunú chun Éire a chur chun cinn mar ionad oideachais den scoth.

Cuireadh de chúram ar an ngrúpa dul i gcomhairle le cibé daoine agus eagraíochtaí ba chuí leis agus tuarascálacha ábhartha agus cáipéisí riachtanacha eile a bhreithniú. Agus a chuid moltaí á ndéanamh aige, bhí an grúpa chun aird a thabhairt ar bheartais reatha an Rialtais i ndáil le cúrsaí airgeadais phoiblí agus líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí.

Cuireadh fógrán sa phreas agus fuarthas cúig aighneacht is fiche mar fhreagra air sin lena mbreithniú ag an ngrúpa idir-rannach. Bhuail an grúpa, a bhí faoi chathaoirleacht an Aire Oideachais agus Eolaíochta, le roinnt páirtithe leasmhara a chuir uirill faoina bhráid agus a d’fhreagair ceisteanna i ndáil le saincheisteanna a tháinig chun tosaigh. Ar na saincheisteanna a tháinig chun tosaigh i gcomhthéacs obair an ghrúpa bhí dearbhú cáilíochta, inimirce agus saincheisteanna um víosaí agus mí-úsáid an chórais, an gá le rialáil níos fearr, socruithe maidir le margáíocht agus cur chun cinn amach anseo, tacaí acadúla agus institiúideacha do mhic léinn idirnáisiúnta agus scoláireachtaí.

Mar thoradh ar an mbreithniú a rinne an grúpa ar na haighneachtaí a cuireadh faoina bhráid, an plé le páirtithe leasmhara agus an taithí a bhí ag tíortha eile sa réimse seo, tá tograí éagsúla leagtha amach ag an ngrúpa sa tuarascáil seo maidir le forbairt na seirbhísí oideachais idirnáisiúnta. Déantar iarracht sa tuarascáil seo cuntas a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin atá roimh an mbeartas um oideachas idirnáisiúnta in Éirinn agus an chaoi, má oibrítear i gcomhar, ar féidir fás inmharthana a bhaint amach.

Comhthéacs

Éileamh ar oideachas ag fás

Tá an domhan ag barr binne maidir le hidirnáisiúnú an oideachais agus na hoiliúna. Agus daonraí ag fás agus ioncaim ag ardú, is gnó mór níos mó agus níos mó é oideachas do mhic léinn ó thar lear. Ar fud an domhain, tá 1.6 milliún mac léinn eachtrach san oideachas tríú leibhéal amháin agus meastar go dtiocfaidh dlús faoin líon sin. Leis an éileamh ar sheirbhísí oideachais, éileamh atá ag fás, tagann go leor deiseanna agus dúshlán d'Éirinn.

Cuireann an t-oideachas go mór le folláine phearsanta agus leis an bhforbairt shóisialta, chultúir agus eacnamaíoch. Cuireann an t-oideachas idirnáisiúnta leis an idirchaidreamh a bhíonn ag Éirinn leis an gcuid eile den domhan, go sóisialta, go cultúrtha agus go hintleachtúil mar aon le go heacnamaíoch. Ar leibhéal an AE, tá an tábhacht a bhaineann le ról an ardoideachais maidir le comhoibriú a chothú le tíortha atá i mbéal forbartha aitheanta agus moltaí á ndéanamh ag Coimisiún na hEorpa maidir leis an Eoraip a chur chun cinn mar lárionad feabhais don ardoideachas, trí, inter alia, mholadh atá aige do chlár domhanda Erasmus.

Tá baint ag Éirinn le hoideachas mac léinn eachtracha ar leibhéal éagsúla le blianta fada. Tá ag éirí go hiontach, cheana féin, le go leor forais ardoideachais maidir le mic léinn eachtracha a mhealladh agus, ach beartas soiléir agus tacaíocht níos dearfaí a bheith ann, tá poitéinseal mór ann d'fhorais bhreise Éireannacha bheith rannpháirteach agus do rannpháirtithe reatha a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú. Ní mór an cháil atá orainn ó thaobh an fheabhais san oideachas a chaomhnú agus ba chóir dúinn tógáil ar an gcáil sin tráth a bhfuiltear ag tabhairt níos mó airde ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an margadh seo.

Tá roinnt tíortha, tíortha ina labhraítear Béarla go príomha ach gan iad siad amháin, ag tabhairt faoin deis sin ar bhealach níos réamhghníomhaí agus níos comhordaithe ná mar atá á dhéanamh ag Éirinn. Ghin an earnáil oideachais airgead eachtrach nach beag do go leor tíortha ina labhraítear Béarla: an Astráil (€2.27bn), an Ríocht Aontaithe (€4.45bn) agus an Nua-Shéalainn (€0.73bn).

Poitéinseal an Mhargaidh

Má fhéachtar go tapa ar an éileamh atá ag teacht ar ardoideachas i dtrí thír – an tSín, an India agus an Mhalaeisia – faightear leid faoi phoitéinseal an mhargaidh.

Maidir le soláthar níos mó oideachais ar leibhéal arda, measann an tSín, an tír ag a bhfuil an daonra is mó ar domhan, gur gné thábhachtach de straitéis athraitheach gheilleagair na tíre é agus nach féidir leis an tír féin freastal go hiomlán air sin. Léiríonn figiúirí go bhfuil líon na mac léinn ón tSín a thugann faoi staidéar lasmuigh den tír sin méadaithe faoi dheich le deich mbliana anuas. Meastar go bhfuil ró-éileamh 10 milliún duine ar ardoideachas sa tSín agus, mura dtarlóidh rud éigin as an ngnáth, go dtiocfaidh fás ar an éileamh sin. Bhí thart ar 2,000 mac léinn ón tSín i bhforais tríú leibhéal in Éirinn in 2003.

San India, fearacht na Síne, tá méadú ag teacht go seasta ar líon na mac léinn a bhíonn ag déanamh staidéir thar lear le deich mbliana anuas agus, i bhfianaise ró-éileamh a bheith ann sa tír sin féin, leanfaidh an treocht fáis sin ar aghaidh. Meastar gurb í an India, i dteannta na

Síne, a bheidh chun tosaigh sa mhéadú a mheastar a thiocfaidh ar bhreisoideachas thar lear sna blianta amach romhainn. Tá thart ar 1,000 mac léinn ón India san oideachas tríú leibhéal in Éirinn i gcomparáid le 55,000 i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is é an difear suntasach atá ann, áfach, ná go mbaineann thart ar 70% de mhargadh na hIndia le deiseanna iarchéime.

Déanann os cionn 120,000 Malaeisiach staidéar thar lear. Is iad na tíortha is mó a mbíonn tóir acu orthu ná an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Éigipt. Tá thart ar 600 Malaeisiach ag staidéar in Ollscoileanna Éireannacha agus thart ar 200 Malaeisiach ag staidéar i gcoláistí príobháideacha nó i gcampais amach ón gcósta ag forais Éireannacha. Cuireann rialtas na Malaeisia scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn chun staidéar a dhéanamh thar lear. Tá fás ag teacht air sin arís, tar éis na lag trá geilleagair a bhí ann sna 1990idí.

De bhrí go meastar go bhfásfaidh daonra an domhain faoi 1.5 billiún san fhiche bliain amach romhainn agus go bhfuil an t-ioncam per capita ag ardú, tiocfaidh méadú ar an rannpháirtíocht i ngach leibhéal den oideachas. Braitheann cumas tíortha chun freastal ar an éileamh sin, éileamh atá ag fás, ar an bhforbairt a dhéanann siad ar acmhainní oideachais. Measann an tSín, mar shampla, go mbeidh ganntanas os cionn aon mhilliún múinteoir agus 100,000 acadóir uirthi faoi 2005.

Tá an méadú suntasach atá ag teacht ar úsáid an Bhéarla ar fud an domhain ag cur dlúis faoin éileamh a bhíonn ar dhianchúrsaí Béarla. As an aon bhilliún cainteoir Béarla a mheastar a bheidh ann faoi 2050, ní cainteoirí dúchais a bheidh in dhá dtrian díobh.

Meastar go dtiocfaidh fás ar an éileamh ar oideachais tríú leibhéal ó faoi bhun 100 milliún mac léinn in 2000 go 260 milliún mac léinn in 2025. I bhfianaise gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith ag leathnú agus teaghlaigh a bheith ag éirí níos saibhre, meastar go mbeidh nach mór 6 mhilliún mac léinn, faoi 2020, ag iarraidh eispéireas idirnáisiúnta oideachais a fháil, go háirithe i dtimpeallacht labhartha Béarla.

Forléargas ar an soláthar reatha do mhic léinn idirnáisiúnta in Éirinn

Bhí thart ar 9,300 mac léinn eachrach tríú leibhéal in Éirinn in 2001/2002, gan mic léinn a bhí ar chlár malartaithe a chur san áireamh. Ba ón Aontas Eorpach thart ar 3,800 (40%) de na mic léinn sin agus ba ó lasmuigh den AE an 5,500 eile díobh, mic léinn a bhí ag íoc táillí. Ón Ríocht Aontaithe do thart ar leath na mac léinn AE agus ó Mheiriceá Thuaidh do thart ar aon trian de na mic léinn neamh-AE.

Is ionann mic léinn eachtracha in Éirinn agus thart at 7% den líon iomlán mic léinn tríú leibhéal faoi láthair. Is sciar 'meánach' é sin go hidirnáisiúnta ach bíonn sciar i bhfad níos airde ag na tíortha sin is réamhghníomhaí. Is iad na meastacháin is déanaí don Ríocht Aontaithe ná 15%, don Astráil ná 12% agus don Nua-Shéalainn ná 7% freisin.

Meastar go raibh sciar de thart ar 0.49% de líon iomlán na mac léinn eachtrach tríú leibhéal san OECD ag Éirinn in 2000. Is iad na figiúirí do bhunadh na mac léinn ná: an Ríocht Aontaithe 6.6%; Mór-roinn an AE 0.6%; Meiriceá Thuaidh 1.7%; an Áise 0.2%; Eile 0.2%. Is é an láidreacht atá againn ná margáí na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus nílimid chomh láidir sin sna margáí is nua.

Ó thaobh disciplíní de, b'ionann sláinte agus leas agus 43% de na mic léinn eachtracha uile in 2001/2002. Léiríonn sé sin ról Choláiste Ríoga na Máinleá agus ról scoileanna leighis na n-ollscoileanna le chéile. B'ionann na dána agus na healaíona agus 31%, rud a thug nach mór trí cheathrú san iomlán don dá earnáil sin le chéile.

Meastar gur thart ar €140 milliún, ar táillí €68 milliún den fhigiúr sin, a tuilleadh ó mhic léinn eachtracha tríú leibhéal in 2001/2002.

Aithnítear EFL mar niche luachmhar i margadh na turasóireachta. Eagraíochtaí dúchasacha san earnáil phríobháideach is mó a d'fhorbair an earnáil sin agus tugann sí nach mór 200,000 cuairteoir chun na hÉireann agus is ionann é agus thart ar €300 milliún i dtuilleamh eachtrach. Tá earnáil an EFL sách suntasach mar sin ó thaobh oideachas eachtrach san iomlán agus is mó é i dtéarmaí airgid ná na mic léinn tríú leibhéal a íocann táillí.

An réasúnaíocht is bonn le forbairt bhreise a dhéanamh ar sheirbhísí oideachais do mhic léinn eachtracha

Tá Éire ag cur oideachais ar mhic léinn eachtracha le blianta fada anuas agus ghin sé sin ioncam suntasach don tír agus d'fhorais aonair. D'éirigh sách maith linn i gcomparáid le hiomaitheoirí eile nuair a ghlactar san áireamh nach bhfuil aon chreat náisiúnta leanúnach ann. Tá go leor tíortha, ina labhraítear Béarla go príomha, ag tabhairt faoi na deiseanna a sholáthraíonn an margadh sin ar bhealach níos réamhghníomhaí agus níos comhordaithe. Ach forbairt bhreise a dhéanamh ar an margadh sin, rud a thabharfadh córas oideachais a bheadh níos oscailte go hidirnáisiúnta, thioctadh sé le tréithe gheilleagar na hÉireann, geilleagar atá oscailte agus dírithe ar easpórtáil den chuid is mó. Ba chóir na nithe tábhachtacha seo a leanas a ghlacadh san áireamh freisin:

- De bharr mic léinn eachtracha a bheith ar ár gcampais, saibhrítear eispéireas na mac léinn agus na foirne iontu. Tá cónaí orainn i ndomhan atá ag éirí níos comhtháite de réir a chéile agus bíonn orainn ár mbealach a dhéanamh tríd – go cultúrtha (ar leibhéal an chultúir choitinn ar a laghad), trí chórais chumarsáide agus go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ba chóir go gcothódh an t-eispéireas a bhaineann le bheith ag oibriú agus ag cónaí le mic léinn ó chultúir eile, mic léinn ag a mbíonn saoldearcaí éagsúla, tuiscint, caoinfhulaingt agus comhtháthú a chothú laistigh d'Éirinn agus le sochaithe, cultúir agus tíortha eile.
- Is bealach é chun líonraí a thógáil agus teagmhálacha a dhéanamh le ceannairí agus lucht tionchair poitéinsiúil gnó agus seirbhíse poiblí i dtíortha eile agus tríothu sin forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú eacnamaíoch, airgeadais agus polaitiúil. Tá tábhacht eacnamaíoch agus shóisialta na líonraí sin feicthe againn, líonraí a d'eascair as an rud a dtugtar an diaspóra Éireannach air.
- Ba chóir dó an turasóireacht a chothú amach anseo agus cuidiú le cur chun cinn easpórtáil earraí agus seirbhísí Éireannacha.
- I ngeilleagar ar bhain srianta agus ganntanas scileanna saineolais leis, d'fhéadfadh gur foinse bhreise ardscileanna inrochtaine soláthair don mhargadh saothair a bheadh i mic léinn ó thar lear a bhaineann céim amach in Éirinn.

Sainmhíniú agus Scóip an Oideachais Idirnáisiúnta

Ar mhaithe leis an tuarascáil seo, rinne an Grúpa sainmhíniú agus scóip an oideachais idirnáisiúnta a mheas chun na nithe seo a leanas a ghlacadh san áireamh:

- (a) Mic léinn idirnáisiúnta a thagann chun na hÉireann ar mhaithe le
 - (i) Oideachas dara leibhéal
 - (ii) Breisoideachas agus cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
 - (iii) Cúrsaí Béarla
- (b) Soláthar Ardoideachais faoi na ceannteidil seo a leanas arna n-úsáid ag an gComhaontú Ginearálta faoi Thrádáil i Seirbhísí (GATS)
 - (i) **Tomhaltóireacht thar lear:** Cuirtear an tseirbhís ar fáil i dtír amháin don tomhaltóir a thagann ó tír eile, e.g. mic léinn a théann thar lear chun staidéar a dhéanamh.
 - (ii) **Soláthar trasteorann:** Cuirtear an tseirbhís seo ar fáil ó limistéar i dtír amháin do tír eile, e.g. cianoideachas lena n-áirítear ríomhfhoghlaim.
 - (iii) **Láithreachacht tráchtála:** Cuireann coláiste an tseirbhís seo ar fáil trí láithreachacht tráchtála i dtír eile, e.g. campais thar lear a bhunú, cúrsaí a chur ar fáil in ionaid thar lear.
 - (iv) **Gluaiseacht daoine:** Soláthróir, a thagann ó limistéar i dtír amháin isteach i limistéar i dtír eile, a bheith ag soláthar seirbhíse, e.g. ollúna agus léachtóirí ó choláiste a bheadh ag oibriú thar lear.

Mic léinn idirnáisiúnta a thagann chun na hÉireann ar mhaithe le hOideachas Dara Leibhéal

Rinne an Grúpa an scóip a bhaineann leis an margadh idirnáisiúnta a fhorbairt sa réimse seo a mheas. D'aithin sé saincheisteanna a bheadh le measúnú i dtaca le líon reatha na ndaltaí eachtracha, leis an mbeartas reatha agus leis an tionchar féideartha a bheadh ag athrú beartais go háirithe ó thaobh acmhainne agus costas de.

Maidir le beartas reatha a bhaineann le hiarratais ó mhionaoisigh nach náisiúnaigh de chuid an EEA iad a thagann gan tionlacan chun na hÉireann ar mhaithe le hoideachas dara leibhéal a fháil, ceadaítear do dhaoine den chineál sin freastal ar scoileanna dara leibhéal a ghearrann táillí agus orthu sin amháin agus déantar iarracht a chinntiú nach ualach ar an Stát a bheidh iontu fad is a bheidh siad ag staidéar anseo. Sna cúinsí sin, is faoin Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí atá sé aon cheanglais maidir le víosa a fhorfheidhmiú. Ní shamhlaíonn an córas daoine den chineál sin a bheith ag teacht chun na tíre chun leas a bhaint as oideachas dara leibhéal saor in aisce.

De réir na bhfigiúirí is mic léinn eachtracha iad os cionn 11,000 dalta nó 3.3% den líon iomlán daltaí atá cláraithe i mbunachar sonraí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta do Dhaltaí Iar-

Bhunscoile. Ina measc siúd tá dídeanaithe agus lucht iarrtha tearmainn. Ní féidir faoi láthair an líon iomlán daltaí eachtracha sa chomhiomlán sin atá ag freastal ar scoileanna dara leibhéal a ghearrann táillí a dhéanamh amach. Ní fios ach chomh beag an leibhéal táille atáthar a íoc nó cibé an gclúdaíonn an táille an costas iarbhir ar an stát as oideachas a chur ar fáil dóibh.

Cé is moite de scoileanna i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird (lena n-áirítear contaetha Lú, na Mí, Chill Dara, Chill Mhantáin) tá patrúin chlárúcháin in iar-bhunscoileanna ag titim den chuid is mó. Dá réir sin, is beag an baol go gcuirí isteach ar thuilleadh an chórais dá nglacfaí le daltaí ó thar lear. Tá céatadán suntasach de na scoileanna i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú faoi bhun toilleadh, fiú. Dá réir sin, mar phrionsabal ginearálta, ní dócha go gcuirí isteach ar bhealach diúltach ar éilimh ar chóiríocht dá nglacfaí le daltaí ó thar lear sna scoileanna sin.

Mar ábhar beartais, d'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cead a thabhairt do dhaltáí ó thar lear freastal ar scoileanna dara leibhéal go ginearálta ar an gcoinníoll nach gcuirfeadh sé sin éilimh ar chóiríocht ná múinteoirí breise agus go dtabharfaí tús áite ó thaobh rochtana de do dhaltáí de chuid teaghlach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

Ar an lámh eile, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil infheistíocht nach beag chaipitil de dhíth ar go leor iar-bhunscoileanna chun iad a nuachóiriú agus go mbeidh roinnt mhaith blianta ann sula mbeidh caighdeán nua-aimseartha bainte amach ag gach scoil. Ó thaobh na pleanála scoile de, d'fhéadfadh beartas a bhainfeadh le méadú a chur ar líon na ndaltaí ó thar lear a íocann táillí brú a chur ar an mbuiséad caipitil, brú nach gcuirí fáilte roimhe.

Ach na saincheisteanna thuas a bheith measta aige, ba é tátal an Ghrúpa nárbh fhéidir leis tionscnamh láithreach a mholadh i leith leathnú a dhéanamh ar líon na ndaltaí dara leibhéal a nglactar leo ar bhonn aisghabháil iomlán costais. Molann sé go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta scrúdú níos mine ar an réimse sin go háirithe ag féachaint don phoitéinseal a bhaineann le leathnú a dhéanamh ar líon na ndaltaí ó thar lear, na costais phoitéinsiúla a bhainfeadh leis sin agus na leibhéil chúil táillí a bheadh de dhíth chun na costais a íoc. Ba ghá, chuige sin, aon tionchar a bheadh ag leathnú den chineál sin ar bhuiséad caipitil na Roinne agus acmhainn na Roinn é a sheasamh sa ghearrthréimhse nó sa mheántréimhse a ghlacadh san áireamh ina n-iomláine.

Mic léinn idirnáisiúnta a thagann chun na hÉireann ar mhaithe le Breisoideachas ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta

Éilítear ar dhaoine nach náisiúnaigh de chuid an EEA iad a bhíonn ag clárú le Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta €3,600 a íoc chun díol as costais teagaisc, riaracháin agus na gnáthsheirbhísí tacaíochta do mhic léinn a chuireann an scoil nó an coláiste ar fáil. Leagadh an táille reatha síos sna 1990idí déanacha agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh air sin anois. Meastar go bhfuil os cionn 500 mac léinn den chineál sin cláraithe le cúrsaí PLC agus go mbíonn an líon sin ag fás in aghaidh na bliana. Tuigtear go bhfreastalaítear ar na mic léinn den chuid is mó i ranganna nach mbíonn líonta.

Tá an margadh do na mic léinn sin ag fás. Téitear i gceann an mhargaidh faoi láthair trí fhógráin náisiúnta i nuachtáin na hÉireann, trí láithreáin ghréasáin na gcoláistí móra PLC agus trí fhocal béil ó mhic léinn a fhillteann ar a dtíortha dúchais. Bíonn sé de nós ag mic léinn clárú le cúrsaí PLC a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ag a mbaineann leibhéal ard teastasúcháin faoi dheimhniú cáilíochta – FETAC, BTEC agus/nó teastasú de chuid an tionscail. Bíonn an-tóir i measc lucht tionscail agus tráchtála i dtíortha dúchais na mac léinn ar inneachar na gcúrsaí agus ar na leibhéil teastais a dhámhtar.

Cuireann na mic léinn sin go mór le gilleagar na hÉireann. Méadaíonn a gclárúchán le Coláiste áitiúil PLC/FE gníomhaíocht eacnamaíoch an cheantair áitiúil mar go mbíonn cóiríocht de dhíth ar na mic léinn, agus de ghnáth déanann siad a gcuid siopadóireachta go háitiúil agus téann siad amach ag sóisialú go háitiúil. Léirigh suirbhé a rinneadh ar mhic léinn den chineál sin in Dún Laoghaire Senior College gur chaith gach mac léinn thart ar €18,000 go €20,000 sa bhliain ar an meán.

Measann an Grúpa gur chóir don Roinn Oideachais agus Eolaíochta, laistigh den chreat reatha beartas Rialtais, iniúchadh a dhéanamh, i gcomhar le soláthróirí, ar an scóip a bhaineann le leathnú a dhéanamh ar líon na mac léinn ó thar lear san earnáil PLC agus a chinntiú ag an am céanna go ndéantar an costas iomlán a aisghabháil ó na táillí a ghearrtar. Ba ghá a chinntiú nach gcuirfeadh leathnú den chineál sin isteach ar aon tosaíocht a thabharfaí, ó thaobh rochtana de, do mhic léinn a thagann ó theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

Cúrsaí Béarla

Aithnítear go ndéanann an EFL maitheas mhór ó thaobh líon na gcuariteoirí a mheallann sé chun na hÉireann agus leibhéal an airgid iasachta a ghineann sé. Measann an Grúpa gur chóir don earnáil sin leanúint ar aghaidh ag imirt ról suntasach sa todhchaí ach na moltaí a dhéanann an Grúpa níos faide ar aghaidh na tuarascáil seo i dtaca le rialáil agus dearbhú cáilíochta a bheith mar bhonn leis.

Ardoideachas

Áirítear ar an Ardoideachas i gcomhthéacs idirnáisiúnta roinnt gníomhaíochtaí ar féidir iad a choimriú mar seo a leanas (cur síos GATS idir lúibíní):

- Mic léinn a bhíonn ag bhíonn ag taisteal thar lear chun staidéar a dhéanamh (tomhaltóireacht thar lear)
- Ollúna agus léachtóirí a bhogann thar lear chun cláir a sheachadadh dá bhforais féin (gluaiseacht daoine)
- Campais a bhunú thar lear agus cúrsaí a sholáthar in ionaid thar lear (láithreacht tráchtála)
- Cianoidéachas lena n-áirítear ríomhfhoghlaim (soláthar trasteorann)

Tá na gníomhaíochtaí sin idirnasctha agus d'fhéadfaidís tarlú ag an am céanna nó forbairt i gcéimeanna. Mic léinn a théann thar lear an réimse is suntasaí go hidirnáisiúnta agus in Éirinn. Is réimse é sin, freisin, ar ar díriodh go leor beartas agus dá bhfuil sonraí ar fáil go héasca. Tá níos lú sonraí ar fáil faoi sholáthar trasteorann seirbhísí oideachais nó láithreacht tráchtála cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil na cineálacha sin soláthair ag fás go tiubh te agus gur margaí móra a bheidh iontu, is cosúil. Is minic a mheallann campais amach ón gcósta agus cianfhoghlaim mic léinn mar go mbaineann costais níos ísle leo ná le bheith ag staidéar

thar lear. Is sampla í an Astráil den fhás atá tagtha ar sheachadadh an oideachais tríú leibhéal i dtír dhúchais an mhic léinn. Mar shampla, tháinig méadú ó 24% go 37% ar chhlárúcháin don fhoghlaim i gcampais amach ón gcósta agus don chianfhoghlaim maidir le líon iomlán na mac léinn idirnáisiúnta a bhí cláraithe i bhforais Astrálacha. D'fhreastail formhór na mac léinn sin ar champais amach ón gcósta (28% de líon iomlán na mac léinn idirnáisiúnta in 2001) agus is beag duine acu sin (9% de líon iomlán na mac léinn idirnáisiúnta) a bhí cláraithe amach ón gcósta don chianoideachas, cé go bhfuil méadú ag teacht ar líon na mac léinn atá ag tabhairt faoi sin. Tá níos mó ná leath de na mic léinn idirnáisiúnta ó Shingepór agus ó Hong Cong atá ag staidéar i bhforais Astrálacha cláraithe do chúrsaí amach ón gcósta.

Rinne an Ríocht Aontaithe leathnú ar a soláthar cúrsaí thar lear i rith na 1990idí freisin. I 1996/97 bhí thart ar 140,000 mac léinn cláraithe i bhforais na RA thar lear i gcomparáid le thart ar 200,000 mac léinn idirnáisiúnta sa RA sa bhliain chéanna. I Hong Cong, is leis an RA a bhain níos mó ná leath de na 575 céim eachtrach a tairgeadh trí choláistí príobháideacha áitiúla, ionaid chianfhoghlama nó i gcomhpháirtíocht le hollscoileanna áitiúla in 2000. Forais Astrálacha a thairg aon trian de na céimeanna den chineál sin agus bhain an chuid eile acu le tíortha eile lena n-áirítear Stáit Aontaithe Mheiriceá agus mórhír na Síne.

Déanann teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (ICT), a mheascann an teagasc traidisiúnta aghaidh ar aghaidh le bealaí idirghníomhacha foghlama agus scaipthe ábhair, éascaíocht do sheachadadh seirbhísí oideachais amach ón gcósta. Meastar poitéinseal ard fáis, go háirithe i margáí oiliúna agus oideachais chorparáidigh d'aosaigh, a bheith ag baint le forais oideachais fhíorúil, forais a dhéanann a gcuid teagasc go príomha via ICT.

Tá craobhacha a dhéanann brabús cruthaithe ag ollscoileanna traidisiúnta áirithe chun freagairt don mhargadh sa réimse seo agus chun é a fhorbairt. Tá cuibhreannais agus comhpháirtíochtaí curtha le chéile freisin ag cuid acu chun aghaidh a thabhairt ar éilimh idirnáisiúnta trí mhúnlaí nua seachadta. Sampla de sin is ea Universitas 21 a thugann le chéile ocht n-ollscoil sheanbhunaithe déag ó dheich dtír chun tabhairt faoi thionscnaimh dhomhanda nach mbeadh ar a gcumas a dhéanamh ina n-aonair.

In ainneoin na bhforbairtí sin tá spéis, den chuid, is mó ag formhór na dtíortha sa chuid sin den mhargadh a bhaineann le mic léinn a bheith ag taisteal thar lear chun tabhairt faoina gcuid staidéar. D'fhéadfadh go leor foras a bheith san airdeall freisin ar na rioscaí a bhraitear a bheith ag baint le modhanna nua seachadta. D'fhéadfadh go mbeadh baol dochair i gceist do cháil acadúil agus an fhéidearthacht ann go mbeadh cailiteanais mhóra airgid i gceist. Chuige sin, is beag tionscnamh ríomhfhoghlama san ardoideachas ar éirigh leis go dtí seo agus tá eolas ar na costais agus na sochair an-teoranta.

Measann an grúpa, mar chuid de chothú agus margaíocht an oideachais idirnáisiúnta, gur chóir dianmheasúnú a dhéanamh ar an réimse sin. Mar chéad chéim, b'oiriúnach an rud é coimisiúnú a dhéanamh ar thaighde chun faisnéis agus treoir a chur ar fáil faoi shárchleachtas d'fhorais a fheiceann poitéinseal na forbartha agus an leathnaithe a bheith ag baint lena seirbhísí oideachais sa réimse sin. Ina leith sin, tá sé oscailte d'fhoras ardoideachais ar bith faoi láthair cúrsa ríomhfhoghlama a fhorbairt, an cúrsa sin a chur faoi réir bailíochtú cuí agus nósanna dearbhairthe cáilíochta, laistigh d'Ollscoil, nó trí HETAC, agus tús a chur le clárú agus oiliúint mic léinn.

Éire a chur chun cinn

Struchtúir reatha chun Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais

Ag an leibhéal náisiúnta is iad na príomhghníomhaireachtaí atá ag plé le hÉirinn a chur chun cinn agus a mhargú thar lear ná Bord Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann (IEBI), Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann. Cabhraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha le heaspórtálacha oideachais a chur chun cinn trína líonra ambasáidí agus consalachtaí.

An cuspóir atá ag IEBI tríd is tríd ná forbairt na hÉireann mar ionad oideachais idirnáisiúnta a éascú agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt sin. Tá ionadaithe ó gach earnáil den oideachas leasmhar in Éirinn, ardoideachas (poiblí agus príobháideach, scoileanna teanga agus ó Ranna eile Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí ar an mBord faoi láthair, Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann ina measc.

Is é sainordú an Bhoird, go saineúil, ná iad seo a leanas:

- Éire a chur chun cinn mar áit den scoth do mhic léinn agus d'oiliúnaithe
- gníomhaíochtaí idirnáisiúnta institiúidí Oideachais na hÉireann a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin
- Gníomhú mar phointe náisiúnta teagmhála agus atreoraithe ag soláthróirí seirbhísí oideachais agus an margadh idirnáisiúnta
- Saineolas oideachais na hÉireann a chur chun cinn mar acmhainn luachmhar do ghníomhaireachtaí, forais forbraíochta agus rialtais idirnáisiúnta
- Dul i gcomhairle le leasanna oideachais agus le rialtais chun bacainní ar fhorbairt na hearnála oideachais idirnáisiúnta a aithint agus fáil réidh leo.

Spreagann Fiontraíocht Éireann forbairt idirnáisiúnta na hearnála tríú leibhéal trí thacaíocht forbartha margaidh a sholáthar cosúil le haontaí trádála i margaí atá i mbéal forbartha san Áise agus misin chuig na margaí sin agus trí thionscnaimh straitéiseacha dírithe ar thacaíocht a thabhairt do choláistí ina bpleanáil fhadtréimhseach chun cur lena líon na mac léinn thar lear. San earnáil EFL tugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht do scoileanna aonair trí thacaíocht chuideachta airgeadais agus straitéiseach eile a sholáthar. Nuair is cuí, éascaíonn Fiontraíocht Éireann úsáid a cuid oifigí cuí thar lear chun tacaíocht a thabhairt d'idirnáisiúnú a dhéanamh ar an dá earnáil.

Tugann Fáilte Éireann cúnamh don earnáil EFL a chur chun cinn trí thacaíocht do ghrúpa margaíochta táirgí MEI-RELSA agus d'oifigí turasóireachta thar lear.

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta a fheidhmíonn faoi chúram na Roinne Oideachais agus Eolaíochta is ea an ACELS. Is iad na cuspóirí atá aici:

- Caighdeán i gcreidiúnú cúrsaí agus scoileanna EFL a rialú
- Moltaí a dhéanamh don Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le haitheantas oifigiúil a thabhairt do Scoileanna Béarla faofa agus leanúint leis an aitheantas sin

- Caighdeán a rialú in oiliúint múinteoirí, lena n-áirítear oiliúint tosaigh agus oiliúint ionghairme, do mhúinteoirí EFL in Éirinn, agus clár de mhúinteoirí cáilithe a choinneáil
- A chinntiú go mbunófar tástálacha oiriúnacha do mhic léinn EFL agus caighdeán i dteastasú a bhfeidhmíochta a rialú; agus
- Gné chultúrtha na hÉireann a chur chun cinn i gcúrsaí EFL, go háirithe sna téacsleabhair a úsáidtear ina líonraí scoileanna

Socruithe nua beartaithe

Ordaíodh don Ghrúpa breathnú ar an bhféidearthacht a bhain le gníomhaireacht amháin a bhunú chun Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais. Aithníonn an grúpa go bhfuil saineolas fíorluachmhar ag Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann, chomh maith le líonra reatha oifigí, a chuireann ar a gcumas oideachas na hÉireann a chur chun cinn mar chuid thábhachtach dá n-iarrachtaí ginearálta margáíochta agus cur chun cinn.

Measann an Grúpa gur chóir do thionscnamh tábhachtach an Aire Oideachais agus Eolaíochta idirnáisiúnu seirbhísí oideachais a rialáil, a chaighdeánú agus a phleanáil a bheith cuimsitheach. An moladh go mbunófaí gníomhaireacht amháin chun beartas a chomhordú agus Éire a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais, fuair sé tacaíocht láidir i bhformhór na n-aighneachtaí a fuair an Grúpa. Caithfidh gach páirtí agus gníomhaireacht atá páirteach oibriú le chéile i struchtúr comhtháite agus lánpháirtithe chun spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach don earnáil. Tá cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe riachtanach.

Ról, Feidhmeanna agus Comhdhéanamh an Chomhlachta Nua – Oideachas Éireann

Measann an Grúpa gur cheart comhlacht nua ‘Oideachas Éireann’ a bhunú leis na feidhmeanna seo a leanas, le cur i ngníomh mar is cú i gcomhar le soláthróirí agus gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha:

- Forbairt beartais a chomhordú agus comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le beartas chun oideachas idirnáisiúnta a fhorbairt lena n-áirítear saincheistanna cosúil le spriocanna a leagan síos (lín na mac léinn, go náisiúnta, de réir earnála agus disciplín leathan), pleananna náisiúnta margáíochta, saincheistanna maidir le ceadúnais oibre agus víosaí
- Pleananna straitéiseacha a ullmhu don earnáil a chuirfí faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta
- An Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann a dhámhachtain ar bhonn na socruithe atá leagtha amach sa chuid den tuarascáil seo a dhéileálann le dearbhú cáilíochta
- Feidhmiú na socruithe maidir le cód iompair a fhorbairt do chúram tréadach na mac léinn idirnáisiúnta agus comhlíonadh an chóid sin a mhaoirsiú
- Freagracht a ghlacadh as scoileanna EFL a theastasú, lena n-áirítear creat éigeantach agus Marc um Cháilíocht do chúrsaí a mhairfidh níos faide ná trí mhí, agus socruithe

aitheantais / ceadúcháin dheonacha do chúrsaí nach mairfidh níos faide ná trí mhí. Na caighdeáin a bhaineann le creidiúnú & le hoiliúint teagascóirí a rialú agus úsáid agus forbairt na n-ionstraimí tástála agus teastasúcháin a chinntiú.

- Dul i gcomhairle, de réir mar is cuí, le FETAC, HETAC agus institiúidí i ndáil le cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais a aithint i réimse leathan disciplíní chun an Marc um Cháilíocht a dhámhachtain
- Taighde a bhfuil gá leis a choimisiúnú agus a dhéanamh lena n-áirítear treochtaí idirnáisiúnta agus forbairtí in oideachas mic léinn thar lear a thástáil chun laigí agus bagairtí i leith iomaíochais a aithint agus moltaí cuí a ullmhú chun gníomh a dhéanamh
- An Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann a chur chun cinn agus gníomhaíochtaí a chomhordú maidir le hÉirinn a chur chun cinn agus a mhargú mar ionad do mhic léinn oideachais idirnáisiúnta.

Molann an Grúpa go mbunófar an comhlacht Oideachas Éireann mar ghníomhaireacht lárnach a bheadh freagrach as Éirinn a chur chun cinn mar ionad um fheabhas oideachais. Chun comhleánachas a chinntiú, chun dúbailt a sheachaint agus chun an leas is fearr a bhaint as an saineolas in eagraíochtaí reatha, molann an grúpa gur chóir gach pearsanra in IEBI agus ACELS a ionchorprú isteach sa chomhlacht nua – Oideachas Éireann.

Ina thaobh seo, ba chóir d’Fhiontraíocht Éireann agus d’Fháilte Ireland oibriú go dlúth leis an gcomhlacht nua – Oideachas Éireann. Chun an tsinéirgíocht agus an comhoibriú is fearr a chinntiú i margaíocht agus i gcur chun cinn, ba chóir d’Oideachas Éireann prótacail a leagan síos le Fiontraíocht Éireann agus le Fáilte Éireann. Ba chóir soláthar a dhéanamh chomh maith d’athbhreithniú ar na prótacail i ndiaidh tréimhse chomhaontaithe.

Ba chóir forais aonair a spreagadh chomh maith chun leanúint ar aghaidh le margaíocht agus cur chun cinn a gclár féin faoi bhranda Oideachas Éireann. Mar gheall ar an bhfreagracht atá ar an mBord i ndáil le pleananna náisiúnta margaíochta, ba chóir do na forais comhoibriú a dhéanamh i soláthar na sonraí agus na faisnéise is gá.

Struchtúir Nua

Meastar go mbeidh Bord Oideachas Éireann i gceannas ar an ngníomhaireacht nua. Ba chóir go mbeadh a laghad daoine agus is féidir ar an mBord sin chun go mbeidh an obair níos éifeachtaí. Meastar gur gá ionadaíocht shinsearach a bheith ar an mBord ó Fhiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Ceapfaidh an tAire Oideachais & Eolaíochta na hionadaithe eile ar bhonn an eolais, na taithí agus an tsaineolais a d’fhéadfaidís a chur i gcion ar an tasc.

Mar gheall go bhfuil earnáil an Bhéarla mar Theanga Iasachta chomh lárnach sin i seirbhísí oideachais, mar earnáil inti féin agus mar bhonn oideachais do bhreis staidéir, beidh ról

lárnach ag Oideachas Éireann i gcúrsaí agus i bhforais Bhéarla a chreidiúnú trí ACELS a ionchorprú. Measann an Grúpa gur chóir ról Oideachas Éireann in earnáil an Bhéarla mar Theanga Iasachta a chreidiúnú trí fhochoiste saineolaithe /speisialtóirí a chuirfeadh comhairle ar an mBord.

Ba chóir don Bhord tabhairt faoi réachtáil an phróisis a bhaineann leis an marc um cháilíocht a dhámhachtain ar chláir bhreiseoideachais agus ardoideachais (i bhforais phoiblí agus phríobháideacha) i réimse leathan disciplíní i gcomhar le gníomhaireachtaí cosúil le FETAC, HETAC, HEA agus na forais chuí a mbíonn a ndámhachtain féin acu faoi fhorálacha reachtúla. Meastar gur chóir na socruithe seo a chur i bhfeidhm i ngach clár oideachais a mhaireann trí mhí ar a laghad. Leanfaidh socruithe eile aitheantais / ceadaithe de bheith i bhfeidhm ag Oideachas Éireann maidir le cúrsaí in earnáil an Bhéarla mar Theanga Iasachta nach maireann níos mó ná trí mhí ar bhonn deonach.

Ag aithint an tábhacht a bhaineann le seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a fhorbairt do mhic léinn idirnáisiúnta in Éirinn, ba chóir go mbeadh discríd ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le tacaíocht ó chreat rialúcháin, nósanna imeachta brostaithe maidir le hiarratais ar víosa a bhunú dóibh siúd atá ag iarraidh staidéar i scoil aitheanta a fhaigheann an Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann. Ní eiseofaí víosaí chun staidéar i bhforais nach bhfuil an Marc um Cháilíocht acu. Meastar go n-oibreoidh Oideachas Éireann go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus le hOifig Inimirce chun liosta roinnte cothrom le dáta a choinneáil de na forais a fhaigheann an Marc um Cháilíocht. Déanfar athbhreithniú rialta ar an liosta seo chun a chinntiú go bhfuil an caighdeán oideachais is airde ar fáil dóibh siúd a thagann go hÉirinn chun staidéar a dhéanamh.

Measann an grúpa gur chóir Oideachas Éireann a bhunú ar bhonn reachtúil. Cuirfidh cur chuige den sórt sin béim ar an tábhacht a mheasann an Rialtas atá le ról agus feidhmeanna an chomhlachta agus tabharfaidh sé seasmhacht agus soiléireacht níos mó feasta. Mar gheall go mbainfidh tábhacht le cinntiú an chomhlachta nua maidir leis an marc um cháilíocht a dhámhachtain i leith cheisteanna víosa/inimirce, meastar go gcuireann sé seo níos mó béime ar an moladh gur chóir reachtaíocht a fháil mar thacaíocht.

Struchtúr agus Airgeadú Oideachas Éireann

Faoi láthair tá seachtar comhaltaí foirne fostaithe ag IEBI agus ACELS agus tá beirt acu siúd (in IEBI) ag obair go páirtaimseartha. In 2004 fuarthas deontas iomlán €509,000 ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do IEBI agus ACELS. Caitheann na comhlachtaí tuairim is €720,000 san iomlán sa bhliain eatarthu.

Sa ghearrthréimhse meastar go dteastóidh naoi bpost lánaimseartha ón gcomhlacht nua chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Agus úsáid á baint as poist státseirbhíse, is mar seo a leanas a d'fhéadfaí an struchtúr grádaithe agus na sainfeidhmeanna a leagan amach:

1 Phríomhoifigeach (Scála Airgeadais) - Príomhfheidhmeannach

1 Phríomhoifigeach Cúnta (Scála Airgeadais), 2 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Cléireachais

Freagrachtaí: Taighde, pleananna straitéiseacha, fógraíocht agus margaíocht, riarachán agus airgeadais.

1 Phríomhoifigeach Cúnta (Scála Airgeadais), 2 Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Cléireachais

Freagrachtaí: Marc um cháilíocht, cód iompair, deimhniúchán agus caighdeán, dul i gcomhairle le comhlachtaí deimhniúcháin.

Ní airbheartaíonn sé seo gur tuairim dheifnídeach é faoin bhfoireann is gá nó an struchtúr a bheadh cuí don chomhlacht nua. Beidh an Bord agus an Príomhfheidhmeannach ag iarraidh na saincheisteanna seo a phlé nuair a rachaidh siad i mbun dualgais. Meastar ar aon chuma gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar líon agus struchtúr na foirne taobh istigh de dhá bhliain i bhfianaise taithí.

Ar bhonn an líon foirne thuas agus na bhfeidhmeanna atá leagtha amach, meastar go gcaithfear an buiséad bliantúil don chomhlacht nua a mhéadú go €1 mhilliún ar dtús. Meastar gur chóir na costais bhreise a thagann ón méadú ar an bhfoireann a íoc le méadú ar ioncam an chomhlachta féin trí mhéadú ar na táillí a ghearrtar.

Meastar gur chóir, freisin, féinmhaoiniú a bheith mar aidhm mheántréimhseach ag an eagraíocht, trí mheascán de mhéadú de réir a chéile ar na táillí agus ioncam breise a fháil ó mhéadú sa mhargadh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí Oideachas Éireann.

Ceann de na príomhthascanna a bheidh ag Bord Oideachas Éireann ag an tús ná an bealach inar féidir leis an gcomhlacht é féin a mhaoiniú a leagan amach.

Dearbhú Cáilíochta

Cáilíocht

Tá cáilíocht agus tóir ar fheabhas go smior i dtraidisiún an oideachais go hidirnáisiúnta. Leis na céadta bliain anuas, tá oideachas curtha chun cinn trí fhorbairt leanúnach, oiriúnú agus feabhsúchán. Tá bunús tugtha ag comhtháthú an dul chun cinn seo i ndiaidh a chéile d'fhorás an eolais. Sa lá atá inniu ann, tá sé seo déanta foirmiúil trí nósanna imeachta um dhearbú cáilíochta agus feabhsú cáilíochta agus trí chreidiúnú foirmiúil agus bearta comhaitheantais. Tá béim méadaithe go hidirnáisiúnta sna beartais ar cháilíocht agus dearbhú cáilíochta in oideachas agus tá sé seo le sonrú i réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh ag leibhéal Eorpach agus ar fud an domhain. Tá tuiscint agus feasacht níos fearr ar shaincheisteanna cáilíochta i measc soláthróirí oideachais agus foghlaimeoirí idirnáisiúnta cruthaithe aige seo.

Gné thábhachtach chun foghlaimeoirí a mhealladh ó thar lear le tabhairt faoina gcuid oideachais ná go mbeadh cáilíocht an éispéiris oideachais le sonrú go soiléir. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann cáilíocht go díreach le caighdeán acadúla cláir; baineann sí chomh maith le diminsin níos leithne d'eispéireas oideachais an duine, bunaithe ar cháilíocht na dtacaíochtaí agus na seirbhísí trí chéile. Áirítear orthu sin, mar shampla, seirbhísí treorach, lóistín, sláinte agus leasa. Tá socruithe daingne um dhearbú cáilíochta ina mbunchloch d'aon straitéis chun margaiócht a dhéanamh ar sheirbhísí oideachais na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Dearbhú Cáilíochta san earnáil ardoideachais

Tá go leor socruithe éagsúla maidir le dearbhú cáilíochta le fáil san earnáil ardoideachais in Éirinn. Tá siad seo leagtha amach ar bhealach níos sonraí in aguisín 1. Go bunúsach, tá dámhachtainí agus dearbhú cáilíochta san earnáil ollscoile clúdaithe faoi Acht na nOllscoileanna, 1997 agus tá dámhachtainí agus dearbhú cáilíochta sna hInstitiúidí Teicneolaíochta agus sna coláistí príobháideacha clúdaithe faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint), 1999. Tugann an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí, a seoladh go poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2003, meicníocht chun gnóthachtáil foghlama a aithint sa Stat agus léiríonn sé chomh maith dearbhú ar cháilíocht na ndámhachtainí a dhéantar. Tá an creat á chur i bhfeidhm céim ar chéim sa tréimhse go 2006.

Na nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta dá bhforáiltear faoin reachtaíocht, rialaíonn siad an measúnú ar sheirbhísí oideachais agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara do gach mac léinn. Ba chóir go mbeadh úsáid an mharc um cháilíocht ag forais ardoideachais i ndáil le cláir ardoideachais a sheachadadh do mhic léinn idirnáisiúnta, dá bhrí sin, bunaithe ar nósanna imeachta reatha um dhearbú cáilíochta a chur i ngníomh sa chreat reatha um dhearbú cáilíochta don earnáil. Ní mheastar é a bheith oiriúnach ná riachtanach ach an oiread córas eile um dhearbú cáilíochta nó nósanna imeachta eile um dhearbú cáilíochta a fhorbairt i ndáil le soláthróirí a chomhlíonann socruithe um dhearbú cáilíochta de chuid ollscoileanna HETAC nó FETAC.

I ndáil leis na seirbhísí do mhic léinn go ginearálta tá cód cleachtais nó iompair curtha le chéile ag roinnt tíortha do chúram tréadach na mac léinn idirnáisiúnta agus tá rochtain ar bhranda náisiúnta / marc um cháilíocht ag brath ar cheanglais i ndáil le caighdeáin acadúla agus an cód chomh maith a chomhlíonadh.

Meastar gur chóir socruithe den chineál céanna i ndáil le cód cleachtais a bheith i bhfeidhm in Éirinn mar chuid riachtanach den mharc um cháilíocht a chosaint; chuirfeadh sé seo ar ár gcumas dul in iomaíocht go héifeachtach le tíortha eile i margadh idirnáisiúnta na mac léinn. Moltar dá bhrí sin gur chóir cód cleachtais a fhorbairt i gcomhar le forais ardoideachais agus é a bheith faoi réir cheadú Oideachas Éireann. Nuair a bheadh cead faighte ó Oideachas Éireann, ba chóir go mbeadh sínitheoirí an chóid i dteideal an marc um cháilíocht a úsáid chun a gláir a fhógairt agus mic léinn idirnáisiúnta a earcú.

Ba chóir go leagfadh an cód síos caighdeáin d'fhorais ardoideachais chun an méid seo a leanas a chinntiú

- Go ndéanfar mic léinn idirnáisiúnta a earcú ar bhealach eiticíúil agus freagrach
- Go ndéanfar riachtanais áirithe mic léinn idirnáisiúnta a aithint agus go ndéanfar socrú ina leith i ndáil le cláir threoshuímh, socruithe abhcóideachta, cabhair le taithí a fháil ar an timpeallacht chultúrtha nua, lóistín, sláinte etc.
- Go mbeidh rochtain ag mic léinn idirnáisiúnta ar fhaisnéis chuimsitheach agus bheacht gan stró
- Go dtabharfar an fhaisnéis ar fad do mhic léinn sula n-iarrtar aon ghealltanais orthu
- Go mbeidh nósanna imeachta inmheánacha atá féarálte agus cothrom ar fáil chun gearáin ó mhic léinn idirnáisiúnta a réiteach

Moltar chomh maith gur chóir go mbeadh ar fhorais tuarascáil bhliantúil a thabhairt i leagan amach caighdeánach maidir le feidhmiú an chóid lena n-áirítear líon agus forleithne na ngearán a fhaightear ó mhic léinn idirnáisiúnta nó ar a son agus líon na ngearán nár freagraíodh go sásúil. Dhéanfaí feidhmiú an chóid a athbhreithniú gach bliain i bhfianaise na dtuarascálacha seo. Má tharlaíonn feidhmíocht mhíshásúil i bhfeidhmiú an chóid féadfar foras a bhaint den chlár a théann leis an gcód. Mar aitheantas don tábhacht atá le seirbhísí oideachais ar ardchaighdeán a fhorbairt do mhic léinn idirnáisiúnta in Éirinn, ba chóir go mbeadh discríd ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir leo seo a leanas

- i. nósanna imeachta iarratais víosa níos sciobtha a bhunú dóibh siúd atá ag iarraidh staidéar a dhéanamh i scoil aitheanta a bhfuil an Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann aici agus
- ii. víosaí a dhiúltú chun staidéar i bhforais nach bhfuil an Marc um Cháilíocht acu

Mar chomhlachtaí féinchreidiúnaithe, leanfaidh na hollscoileanna orthu ag cruthú cáilíochta aon chlár Béarla mar Theanga lasachta a chuirfidh siad ar fáil. Ba chóir go mbeadh an bunús ar a bhfaigheann siad creidiúint sa réimse seo, ar laghad ar bith, de réir chaighdeáin ACELS.

Dearbhú Cáilíochta in earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta

Tá earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta faoi réir córas deonach clárúcháin atá á fheidhmiú faoi chúram na Roinne Oideachais, ag an ACELS.

Cuirtear dearbhú cáilíochta san earnáil EFL i bhfeidhm trí obair ACELS. In 2003, mar shampla, rinne ACELS 37 iniúchadh iomlána, 35 spotseiceáil, rinne sí scrúdú ar 6 eagraíocht nua agus chuaigh sí i mbun gníomhartha disciplíneacha éagsúla chun caighdeán a chothú. Moladh aitheantas a thabhairt do 98 eagraíocht ar fad in 2004 (d'fhéadfaí cur leis seo).

Cinneann ACELS trína Bord Stiúrthóirí na critéir is gá chun go mbeidh scoileanna cáilithe chun aitheantas a fháil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar sholáthróirí EFL. Téann scoileanna trí phróiseas imscrúduithe roimh an gcéad aitheantas agus féadtar imscrúdú tréimhsiúil a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin. Ní chaithfidh scoileanna a fheidhmíonn san earnáil iarratas a dhéanamh ar aitheantas agus ní bhíonn siad siúd nach ndéanann iarratas faoi réir na gcaighdeán a chuireann ACELS i bhfeidhm. Seolann ACELS liosta scoileanna cáilithe chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun ceadú na Roinne a fháil, agus seolann an Roinn teastais cheadúcháin chuig na scoileanna ansin.

Moltar gur ar Oideachas Éireann, nuair a bhunófar é, a bheidh cúram na feidhme seo aitheantas / ceadú a thabhairt ar bhonn deonach do chúrsaí Béarla mar Theanga lasachta nach mairfidh níos faide ná trí mhí. Chomh maith leis sin, ba chóir cód cleachtais níos oiriúnaí a fhorbairt do scoileanna Béarla mar Theanga lasachta agus go ndéanfaí soláthar do thuairisciú agus smachtbhannaí den sórt céanna. I gcás cúrsaí a mhairfidh níos faide, ba chóir go mbeadh scoileanna EFL i dteideal iarratas a dhéanamh ar an Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann.

Rialáil earnáil an Bhéarla mar Theanga lasachta

Le blianta beaga anuas, tá iarratas déanta ag MEI-RELSA, ar son scoileanna EFL aitheanta, ar rialáil éigeantach ar an earnáil EFL in Éirinn. Tá éileamh níos mó air seo le píosa mar go bhfuil brú ar na scoileanna aitheanta agus dochar déanta dá gcáil le chéile trí ghníomhaireachtaí amhrasacha a d'fhéach le hioncam mór a bhaint amach faoi scáth EFL chun seachaint smachtanna víosa/inimirce a éascú.

Tá sé ráite ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go láidreodh tabhairt isteach córas éigeantach rialála an chumhacht atá aici déileáil le hiarratais ar víosaí i ndáil le scoileanna nach bhfuil aitheanta. Tá an cheist seo maidir le rialáil éigeantach á plé san Astráil agus sa Bhreatain agus a cuid deacrachtaí féin ag baint léi. Chaithfí aon chóras maidir le rialáil éigeantach a chur i gcaoi a sháróidh dúshlán dlí agus chaithfeadh an tArd-Aighne moltaí rialála a cheadú.

Tugann an Grúpa tacaíocht don choincheap maidir le rialáil éigeantach san earnáil EFL do chúrsaí a mhairfidh níos faide ná trí mhí. Molann sé go ndéanfadh an tAire Oideachais agus Eolaíochta socruithe do mhionscrúdú ar na saincheisteanna maidir le comhchomhairle, de réir mar is cuí, le páirtithe leasmhara d'fhonn Dréacht-Cheannteidil Bille a ullmhú chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt creat rialála.

Measann an Grúpa go mbeadh sé inmhianaithe i dtéarmaí luais agus éifeachtachta aon chóras éigeantach rialála a bhunú ar an gcóras ACELS reatha a mhéad is féidir.

Socruithe maidir le Víosaí, Inimirce agus Obair

Saincheisteanna maidir le Víosaí agus Inimirce

Tuigeann an Grúpa an imní atá curtha in iúl ag roinnt rannpháirtithe ar an bpróiseas comhchomhairle maidir leis an gcomhéadan idir an córas inimirce / víosa agus margadh oideachais na hÉireann thar lear go háirithe i spriocmhargaí tábhachtacha. Baineann an imní seo go háirithe leis an am a ghlacann sé víosaí a phróiseáil, an chumarsáid leis an gcóras riaracháin víosa/inimirce, neamhréireachtaí a bhraitear a bheith i nósanna imeachta agus an ráta ard diúltuithe do chatagóirí áirithe iarratas ar víosa.

Gearrtar riachtanais víosa ar náisiúntachtaí a aithnítear le taithe a bheith ina riosca, cosúil le daoine ag iarraidh taisteal ar chúiseanna eile seachas na cúiseanna luaite, nó ag iarraidh fanacht rófhada i Stát i ndiaidh a gcead fanachta a bheith imithe in éag. D'fhéadfadh ceisteanna slándála a bheith i gceist le cineálacha áirithe cásanna. Ní hé oideachas na hÉireann an t-aon chúis a ndéanann mic léinn a dteastaíonn víosa uathu iarratais ar víosa chun teacht go hÉirinn. Caithfidh soláthróirí oideachais é seo a chur san áireamh nuair a bheidh a gcuid straitéisí margaíochta á gcinneadh acu.

Tagann formhór na mac léinn nach náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad agus a thagann isteach i gcóras oideachais na hÉireann, ó thíortha (os cionn 80) nach dteastaíonn víosa óna náisiúnaigh. Tá mic léinn as gach tír san AE chomh maith leis an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Eilvéis, i dteideal teacht isteach sa Stát go dleathach chun staidéar a dhéanamh anseo. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag córas na víosaí ar mhic léinn ar comharsana iad san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh agus féadfaidh na mic léinn sin taisteal go hÉirinn gan mórán deacrachta.

Mar sin féin, ceist rithábhachtach i ndáil le roinnt margaí atá ag fás is ea comhleanúnachas, trédhearcacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais víosa. Aithníonn an Grúpa go bhfuil gá le beartas soiléir, comhsheasmhach Rialtais a rialóidh inimirce ar mhaithe le staidéar, lena n-áirítear saincheisteanna um víosaí, ba chóir go gcuirfí leasanna eacnamaíochta náisiúnta san áireamh i mbeartas den sórt sin, chomh maith le saincheisteanna slándála, agus go gcuirfí i bhfeidhm é go comhsheasmhach i ngach réimse den chóras víosa / inimirce.

An tseirbhís víosa a fheabhsú

Tuigeann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha nach bhfuil an tseirbhís víosa atá ar fáil chomh maith agus ba mhian leo agus tá siad ag oibriú i dtreo an scéal a fheabhsú.

Tá sé seo á dhéanamh agus éileamh ollmhór ar víosaí, ar mhaithe le gach cuspóir, le blianta beaga anuas. In 2000, rinneadh 61,000 víosa a eisiúint. Mhéadaigh sé seo go 105,000 faoi 2002 agus 120,000 faoi 2003, dúbailt beagnach ar leibhéal 2000. Mhéadaigh an líon a phróiseáil pearsanra na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ó 17,219 in 2000 go 47,666 in 2003. I gcomhthéacs an fháis sciobtha ar iarratais víosa, tá imní tagtha ar an Roinn Dlí agus Cirt agus ar an mBiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána maidir le leibhéal na mí-úsáide a bhaintear as an gcóras.

Forbairt thábhachtach a rinneadh le gairid ná oifigí víosa a bhunú i mBéising agus Moscó in 2002. Mar gheall ar an “dílárú” breise ar chinnteoireacht chuig na hionaid, sin tá an fhoireann víosa in ann níos mó eolais áitiúil a úsáid ina measúnú ar iarratais agus seirbhís níos díri a thabhairt d’iarrthóirí agus d’ionaid oideachais atá ag mealladh mic léinn ón tSín agus ón Rúis. Go ginearálta, thug ionaid oideachais freagra dearfach ar an bhforbairt seo.

Tograí maidir le tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras víosa

I rith 2003 chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcomhar leis an Aire Gnóthaí Eachtracha tograí faoi bhráid an Rialtais maidir le feabhsúcháin bhreise ar an gcóras agus úsáid á baint as na féidearthachtaí a bhaineann le hioncam breise ó mhéadú ar tháille na víosaí a fógraíodh sa Bhuiséad do 2004. Áirítear orthu sin

- a) córas víosa ríomhaireachta a fhorbairt don fhoireann sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus i mBiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána,
- b) foireann bhreise a chur ar fáil sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha má cheadaítear agus nuair a cheadaítear faoi bheartas an Rialtais é,
- c) tarmligean breise a dhéanamh ar an bpróiseas víosa chuig ambasáidí, de réir mhúnla an méid a rinneadh i mBéising agus i Moscó, agus
- d) b’fhéidir obair phróiseála víosa a ligean amach ar conradh.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an gcóras a fheabhsú.

Tá tús curtha le hullmhú a dhéanamh ar an gcóras víosa a ríomhairiú. Táthar ag súil go mbeidh an córas nua i bhfeidhm in 2005.

Táthar ag breathnú ar thionscadal píolótach chun obair phróiseála áirithe a scaoileadh amach ar conradh maidir le hiarratais ar víosa ón India chun próiseáil na n-iarratas sin a dhéanamh níos sciobtha.

Maidir le foireann bhreise a chur ar fáil, tá an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha ag leanúint orthu ag breathnú ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo de réir bheartas an Rialtais.

Sa chomhthéacs seo aithníonn an grúpa go bhfuil infheistíocht mhór déanta ag tíortha eile chun a seirbhísí víosa a fheabhsú mar chuid riachtanach dá straitéis chun a seirbhísí oideachais a mhéadú do mhic léinn ó thar lear.

Diúltú d'iarratais ar víosaí

Tá imní léirithe ag roinnt foras i leith an ráta ard iarratais víosa a dhiúltaítear. Aithníonn an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an imní seo ach deir sí go mbeadh sé i bhfad níos éasca córas níos éifeachtaí a sholáthar dá mbeadh na hiarratais ar chaighdeán níos fearr.

Deir an Roinn go dtugann go leor iarratasóirí cáipéisíocht neamhshásúil, lena n-áirítear cáipéisí bréagacha faoina bhfostaíocht sa tír arb as dóibh, a gcuid airgid agus a rúin agus iad ag taisteal go hÉirinn. Sa chaoi a bhfuil an cás go hidirnáisiúnta anois, dar leis an Roinn nach bhfuil sé inghlactha d'fhoireann víosa gan a bheith chomh géar céanna, ar mhaithe le go samhlófaí go raibh seirbhís níos fearr á cur ar fáil do chustaiméirí acu.

Mar gheall gur ar pháipéar is mó a bhraitheann córas víosa na hÉireann agus go bhfuil sé bunaithe ar inchreidteacht, ní féidir leis an bhfoireann víosaí a eisiúint in imthosca ina léiríonn iarratais go bhfuiltear ag iarraidh dallamullóg a chur orthu. Tá fadhbanna ar leith in earnáil an oideachais mar gheall gur úsáideadh gníomhairí neamhscrupallacha chun próifíl bhréagach a chruthú d'iarratasóirí. Dá ngéaródh na forais oideachais ar a n-airdeall agus dá mbeadh comhoibriú níos fearr eatarthu agus na seirbhísí víosa, chuirfí lenár gcumas maolú a dhéanamh ar an deis a bhíonn ag daoine mí-úsáid a bhaint as an gcóras.

Mí-úsáid as córas víosa na mac léinn

Tá a himní maidir leis an mí-úsáid a bhaineann daoine a bhíonn ag iarraidh taisteal go hÉirinn ar chúiseanna eile, go háirithe chun fostaíocht a fháil, as córas víosa na mac léinn curtha in iúl ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí don Ghrúpa chomh maith. Is léir go bhfuil forais áirithe oideachais ag baint mí-úsáide as an gcead a tugadh in 2000 do mhic léinn lánaimseartha 20 uair an chloig a oibriú sa tseachtain, chun daoine a mhealladh go hÉirinn mar mhic léinn mar dhea ach chun fostaíocht a fháil i ndáiríre. Tá forais den chineál sin in ann a "gcúrsaí" a thairiscint do dhaoine a deir leo go mbeidh siad in ann dul ag obair in Éirinn.

Is beag seirbhís oideachais, más seirbhís ar bith é, a chuireann na forais seo ar fáil ach is féidir leis na táillí a ghearrtar a bheith an-ard. Tá fadhb ar leith in earnáil an Bhéarla. Le míonna beaga anuas, stop Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána ag clárú mic léinn ó roinnt de na forais sin.

Mar sin féin, mar gheall nach bhfuil córas clárúcháin éigeantach agus reachtúil ann d'fhorais oideachais agus mar gheall nach bhfuil córas cuimsitheach ann le maoirseacht a dhéanamh ar chaighdeán sna forais sin, níl aon tástáil oibiachtúil is féidir leis na húdaráis inimirce a úsáid go sciobtha chun a fháil amach an bhfuil scoil dáiríre nó nach bhfuil, ach tá an fhadhb seo treisithe mar go mbunaítear scoileanna nua an t-am ar fad mar gheall ar an éileamh atá ann. Seans maith go leanfaidh forais eile den chineál sin ar aghaidh agus go mbunófar cinn eile amach anseo.

Tá tograí curtha i láthair ag an nGrúpa maidir le creat reachtúil i ndáil le clár na bhforas a bhfuil Marc um Cháilíocht de chuid Oideachas Éireann acu, le naisc láidre leis na seirbhísí víosa; measann an Grúpa go gcuirfidh na tograí sin feabhas suntasach ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus go laghdófar an deis mí-úsáid a bhaint as an gcóras.

An Fhadhb a bhaineann le fanacht thar an am atá leagtha amach

Léirigh roinnt daoine agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a n-ímní maidir le daoine a thagann go hÉirinn mar mhic léinn agus a fhanann go neamhdhleathach i ndiaidh dóibh a gcuid cúrsaí a chríochnú. Ba chúis imní é do choláistí áirithe nár fhreagair na húdaráis ar bhealach dearfach agus gníomhach nuair a chuir siad in iúl d'údaráis inimirce go raibh mic léinn i ndiaidh a gcuid cúrsaí a thabhairt chun críche nó nach raibh mic léinn ag freastal ar chúrsaí níos mó.

Tá an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí den bharúil go gcaithfidh réiteach na ceiste seo a bheith bunaithe ar chosc a bheith ar inimirce mídhleathach trí scagthástáil chuí agus roghnú cuí mic léinn. Ní fhéadfadh ach ról teoranta a bheith ag an díbirt mar gur próiseas é atá bunaithe ar shaothar a lán daoine, a thógann cuid mhór ama agus a chosnaíonn go leor airgid.

Beidh sé riachtanach deireadh a chur le fachtóirí a mheallann mic léinn bhréagacha agus forais bhréagacha oideachais isteach sa chóras. Ina leith sin, is ceist thábhachtach í an cheist maidir le rochtain ar obair a bheith ag mic léinn.

Chuir roinnt foras a n-ímní in iúl chomh maith maidir le cead a bheith ag mic léinn a gclárúchán a athnuachan ar an mbonn go bhfuil siad ag clárú do chúrsaí gearrthéarmacha breise go leanúnach ar feadh tréimhsí fada. Moladh go gcuirfí uastréimhse iomlán clárúcháin i bhfeidhm i gcás cúrsaí dá leithéid sin. Aontaíonn an Grúpa leis an tuairim sin agus molann sé i gcás daoine nach ó Cheantar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA) dóibh agus atá ag freastal ar chúrsaí gearrthéarmacha, nach mbeadh cead acu fanacht ar feadh tréimhse níos faide ná ocht mí dhéag.

Rochtain ag mic léinn ar obair

Luaigh roinnt foras an tábhacht a bhain leis an lamháltas a rinneadh in 2000 faoina dtugtar cead do mhic léinn lánaimseartha oibriú ar feadh tréimhsí suas le 20 uair an chloig sa tseachtain i rith an téarma agus oibriú go lánaimseartha i rith tréimhsí laethanta saoire. Tugann an Grúpa aitheantas don chabhair mhór a thug an lamháltas seo do mhargaíocht sheirbhísí oideachais na hÉireann thar lear. Mar sin féin, tá sé á mhaíomh ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go bhfuil sé soiléir gur mórfhachtóir é an lamháltas sin sa mhí-úsáid a bhain roinnt forais oideachais as an gcóras inimirce. Tá fianaise ann go bhfuil forais áirithe ann a bhfuil réimis sholúbtha i bhfeidhm acu ina ndéantar neamhshuim de chritéir íosfhaid agus íosláithreachta, de réir cosúlachta, sa chaoi agus nach gcuirfear isteach ar am oibre na mac léinn.

Is féidir é a áitiú go mbeidh rochtain ar obair ag teastáil ó mhic léinn, a bheidh ag teacht go hÉirinn faoi choinne cúrsa fadtréimhseach a bhfuil táillí airde ag baint leis, chun cabhrú leo a n-oideachas a mhaoiniú. Más cúrsa agus mac léinn dáiríre atá i gceist, ní bheidh fadhb leis seo. Mar sin féin, i gcúrsa gearrthréimhseach suas le 12 sheachtain, níor chóir gur ghá do mhic léinn rochtain a bheith acu ar obair. Caithfidh mic léinn dá leithéid é a chruthú roimhe sin go bhfuil teacht acu ar an maoiniú chun íoc as na costais a bheidh i gceist lena dtréimhse in Éirinn. Más rud é go mbeidh siad in Éirinn ar feadh achar gearr amháin, ba chóir go mbeidís ag díriú ar a gcuid léinn a chur i gcrích agus ní ar obair a fháil.

Ba é an tátal a rinne an tuarascáil le Fitzpatrick Associates, arna choimisiúnú ag an Údarás um Ard-Oideachas, nach é amháin, maidir leis an bhforáil a bhaineann le rochtain ar obair gan ceadúnas a bheith ag teastáil, go bhfuil an fhoráil sin mealltach do mhic léinn, agus go bhfuil sé mealltach chomh maith d'fhostóirí in earnálacha a mbaineann diansaothrú ar phá íseal leo. Méadaíonn sé an tarraingteacht a bhaineann le hÉirinn mar cheann scríbe oideachais. Chomh maith leis sin, tá na forálacha céanna ag tromlach na mórcheann scríbe eile.

Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a himní in iúl chomh maith maidir leis an rochtain neamhtheoranta ar an margadh oibre atá ar fáil faoi láthair do mhic léinn. Cé go bhfuil an córas ceadúnas oibre faoi réir teorainneacha i réimsí áirithe fostaíochta, mar gheall ar an bhfáil atá ar lucht oibre sna réimsí sin, níl na teorainneacha céanna i bhfeidhm i gcás mic léinn ar féidir leo oibriú in aon earnáil is mian leo. Tar éis mhéadú an AE an 1 Bealtaine 2004, táthar ag súil go bhféadfar an gá le lucht oibre neamhoilte a chomhlíonadh laistigh den AE leathnaithe.

Go hidirnáisiúnta, tá bealaí éagsúla ann le déileáil leis an gceist seo. Ní cheadaíonn tromlach na dtíortha rochtain ar an margadh oibre ach do mhic léinn fhadtréimhseacha, agus ní cheadaíonn ach cúpla tír rochtain ar obair dóibh siúd atá i mbun cúrsaí gearrtréimhseacha.

Moltar mar sin gur chóir socrú, ar féidir é a chur i bhfeidhm ó thaobh riaracháin de, a fhorbairt a mbeadh na prionsabail seo a leanas i gceist leis:

- Nach mbeadh rochtain ar an margadh oibre ach ag mic léinn ar chúrsaí lánaimseartha, is iad sin, cúrsaí a mhaireann ar feadh tréimhse bliana ar a laghad agus a mbeadh cáilíocht a bheadh aitheanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta mar thoradh orthu.
- Nach mbeadh cead ag mic léinn ar chúrsaí, lasmuigh de na cúrsaí thuasluaite, a gclárúchán a athnuachan ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí.
- Nach mbeadh rochtain ar obair ag mic léinn a thugann faoi chúrsaí réamhullmhúcháin (mar shampla cúrsaí teanga) roimh a gcúrsa lánaimseartha a mhairfeadh ar feadh aon bhliana amháin ar a laghad agus a mbeadh cáilíocht aitheanta mar thoradh air, go dtí go gcláródís ar an gcúrsa lánaimseartha sin.

Toilleadh ag an Tríú Leibhéal

An méadú go dtí seo

Le linn thréimhse na 1990idí, tháinig fás seasta agus leanúnach ar an earnáil tríú leibhéal in Éirinn. Laistigh den earnáil arna maoiniú go poiblí, atá comhdhéanta d'Ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, d'fhás líon na gclárúcháin lánaimseartha ó 68,000 i 1990 go dtí níos mó ná 130,000 i rith na bliana acadúla reatha. Lean an fás sin ar chlárúcháin tríú leibhéal cé go raibh laghdú déimeagrafach ar líon na n-iarrthóirí Ardteistiméireachta, laghdú atá le sonrú ar an oideachas dara leibhéal ó 1998.

Léiríonn sé sin, go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar an tóir atá ar ardoideachas ag iontrálaithe traidisiúnta agus go bhfuil líon níos mó scoláirí Ardteistiméireachta ag roghnú tabhairt faoin léann tríú leibhéal. Chuidigh na gnéithe seo a leanas leis an méadú ar líon na gclárúcháin go ginearálta ag an tríú leibhéal: an méadú ar líon na mac léinn lánfhásta atá ag clárú, rannpháirtíocht níos mó i gcúrsaí iarchéime agus, ag leibhéal níos ísle, na mionmhéaduithe ar líon na mac léinn ó chúirí atá faoi mhíbhuntáiste agus mic léinn atá faoi mhíchumas.

Fás san am atá le teacht

Ainneoin go mbeidh laghdú leanúnach ar líon na n-iarrthóirí Ardteistiméireachta san am atá le teacht, tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag súil go mbeidh éileamh leanúnach breise ar áiteanna sna coláistí tríú leibhéal, agus is é a bheidh mar thoradh air sin, fás réasúnta maith ar líon iomlán na gclárúcháin sna chéad chúpla bliain eile. Tagann taithí idirnáisiúnta ar athrú déimeagrafach sna 1980idí agus sna 1990idí leis an dearcadh go bhfuil forais tríú leibhéal in ann líon na gclárúcháin a choimeád ainneoin laghduithe ar dhaonra na n-óg i mórchuid na dtíortha. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breis agus 150,000 ar líon na gclárúcháin lánaimseartha i bhforais tríú leibhéal, arna maoiniú go poiblí, faoin mbliain 2010.

I mbeagán focal, níor fhíoraigh an t-ionchas le blianta beaga anuas go mbeadh éifeacht ag an laghdú ar líon na mbreitheanna sna 1980idí ar líon na n-iontrálacha sna forais tríú leibhéal agus ní chuireann an líon iontrálacha atá á thuar ag an tríú leibhéal in iúl go mbeidh aon 'dibhinn dhéimeagrafach' shuntasach ar fáil sna blianta amach romhainn. Is rithábhachtach an ní é nár cuireadh méaduithe suntasacha ar líon na mac léinn ó thar lear san áireamh sna tuartha maidir leis na clárúcháin thuasluaite san am atá amach romhainn. Má chuirtear san áireamh go gcaithfear a chinntiú nach ndéanfar mic léinn, a bhfuil a dteaghlach ina gcónaí in Éirinn, a dhíláithriú mar thoradh ar fhorbairt na seirbhísí idirnáisiúnta oideachais, d'fhéadfadh sé go mbeidh breis agus 150,000 áit lánaimseartha ag teastáil san earnáil tríú leibhéal, arna maoiniú go poiblí, faoi 2010.

Léiríonn taithí idirnáisiúnta gurb é an mheánspríoc chúí d'fhorais ná go mbeadh céatadán foriomlán 12-15% de mhic léinn idirnáisiúnta ar campas. Teastaíonn toilleadh foriomlán thart ar 160,000 le haghaidh mic léinn faoi dheireadh na ndéich mbliana atá amach romhainn chun an fhorbairt sheasta seo i dtreo spriocanna dá leithéid sin laistigh den earnáil tríú leibhéal in Éirinn a bhaint amach. Cé go mbeidh infheistíocht chaipitil áirithe ag teastáil do mhéaduithe ar thoilleadh na bhforais tríú leibhéal, d'fhéadfaí mórfheabhsuithe a bhaint amach laistigh den infrastruchtúr atá ann faoi láthair trí ghlacadh agus úsáid cláir ama sholúbtha, clár modúlach agus gnéithe rithábhachtacha eile a bhaineann le clár oibre na foghlama ar feadh an tsaoil.

Infheistíocht

Ní mór d'fhorbairt na seirbhísí ardoideachais le haghaidh na margaí thar lear a bheith ar bhonn táirge d'ardchaighdeán, cliant-lárnach a chur chun cinn. Ní mór gur táirge é a thacódh le hearcaíocht bhuan fhadtéarmach seachas aon iarrachtaí a mbeadh sé mar aidhm leo go díreach úsáid a bhaint as toilleadh farasbairr gearrthéarmach i limistéar faoi leith. Ba chóir go mbeadh na riachtanais atá i bhfeidhm i gcás mic léinn ó thar lear mar an gcéanna leo siúd atá i bhfeidhm i gcás mhic léinn na hÉireann agus an AE. Is cosaint thábhachtach é seo don dearbhú cáilíochta.

Ní mór infheistíocht do thairbhe amach anseo a bheith ina bunchloch ag aon straitéisí institiúideacha idirnáisiúnta oideachais. Is dócha nach mairfidh iarrachtaí forbartha, atá bunaithe ar leibhéal foirne agus infrastruchtúir atá ann faoi láthair, ach ar feadh tréimhse ghearr. Sa chomhthéacs sin, moltar aon ioncam farasbairr ó tháillí, a fhaightear ó mhic léinn ó lear, a choinneáil chun é a úsáid ag leibhéal institiúideach. Ina leith sin, ceaptar gur chóir agus na costais agus na forchostais dhíreacha á dtomhas chun an farasbarr sin a fháil amach, soláthar cuí a dhéanamh do chostas an infrastruchtúir agus an trealaimh fhisiciúil. Ba chóir cuntasacht a dhéanamh ar úsáid an mhaoinithe sin de réir na ngnáthriachtanas. I gcás na nInstitiúidí Teicneolaíochta, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, beidh gá le húsáid aon mhaoinithe a fhaightear a aontú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhthéacs phróiseas reatha bliantúil na mBuiséad agus na gClár.

Chomh maith leis sin, moltar áis iasachtaí a fhorbairt d'fhorais ardoideachais ar mhaith leo áiseanna agus cláir mhargaíochta a fhorbairt do mhic léinn idirnáisiúnta faoin mbranda 'Oideachas Éireann'. Ba chóir don Údarás um Ard-Oideachas an áis iasachtaí a fhorbairt agus a riaradh. Is é an aidhm faoi leith a bheadh leis an áis ná acmhainní a ghiniúint d'infheistíocht láithreach ar phríomheilimintí de straitéisí institiúideacha ar aontaíodh orthu chun mic léinn ó thar lear a mhealladh. Costas na bhfiach institiúideach a bhainfeadh leis an áis sin a sheirbhísiú, b'ionann é agus an chéad mhuirear ar an ioncam a ghiní ar tháillí ó mhic léinn ó thar lear agus ba chóir go sonróaí é sin ar leibhéal na dtáillí a leagtar síos. Ba chóir go bhforbródh an tÚdarás um Ard-Oideachas an áis sin i gcomhairle le forais ardoideachais agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Airgeadais í chun aontú uirthi mar thosaíocht.

Coláistí Príobháideacha

Ní shamhlaítear aon mhórbhaic ó thaobh toilleadh a bheith i gceist san earnáil phríobháideach, áit a ndéanfar infheistíochtaí chun freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair ar sheirbhísí idirnáisiúnta oideachais chomh maith le freastal ar an éileamh a bheidh ar na seirbhísí sin amach anseo. Tá forais príobháideacha tríú leibhéal gníomhach faoi láthair maidir le seirbhísí oideachais a sholáthar do mhic léinn idirnáisiúnta agus táthar ag súil gur chóir do mholtaí an ghrúpa sa Tuarascáil seo tacú le méadú ar na seirbhísí d'ardchaighdeán tríú leibhéal oideachais do mhic léinn idirnáisiúnta ón earnáil phríobháideach agus go ndéanfadh na moltaí an méadú sin a chur chun cinn. Beidh rochtain iomlán ag forais phríobháideacha atá ann faoi láthair (agus forais nua a bhunófar amach anseo) ar na struchtúir nua agus ar an gcreat dearbhaithe cáilíochta atá molta sna caibidlí ag tús na cáipéise seo. Chomh maith leis sin, beidh siad in ann leas a bhaint as tionscnaimh mhargaíochta agus fógraíochta a bheidh idir lámha ag Oideachas Éireann.

Saincheisteanna Eile

Scoláireachtaí

Chuir roinnt de na moltaí a rinneadh sa phróiseas athbhreithnithe in iúl gur chóir scoláireachtaí a chur ar bun do mhic léinn ó thar lear. Moladh chomh maith gur chóir d'Éirinn machnamh a dhéanamh ar mhúnlaí ó tíortha eile atá láidir ó thaobh na hearcaíochta de, tíortha a bhfuil sé mar chuid dá straitéis fhoriomlán clár iomaíoch scoláireachtaí a bheith i bhfeidhm acu do mhic léinn éirimiúla idirnáisiúnta.

Tá Scéim Comhaltachtaí i bhfeidhm ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha do líon beag tíortha de chuid na hAfraice, scéim a bhfuil sé mar bhunaidhm aici dul i ngleic le heasnamh toillte a chuirfeadh bac ar chuspóirí forbartha a bhaint amach. Tá an scéim seo dírithe ar mhic léinn iarchéime go príomha. Lean tromlach na mac léinn, ar dámhadh scoláireachtaí orthu faoin scéim seo, ar aghaidh lena gcuid léinn i bhforais tríú leibhéal in Éirinn. Bhí caiteachas breis agus €1 mhilliún i gceist leis an scéim seo in 2001.

Chomh maith leis an maoiniú atá á fháil faoi láthair ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, molann an Grúpa, mar chuid den fhorbairt ar an margadh idirnáisiúnta, gur chóir go spreagfaí forais oideachais chun ciste scoláireachta a chur ar fáil óna dteacht isteach idirnáisiúnta agus go gcuirfeadh an státchiste a chomhionann ar fáil i dtús ama, faoi réir uasmhéid €1 mhilliún sa bhliain. Ba chóir go n-úsáidfí an ciste sin ansin le scoláireachtaí ar bhonn iomaíoch do mhic léinn éirimiúla ó thar lear a mhaoiniú chun é a chur ar chumas na mac léinn sin tabhairt faoina gcuid léinn in Éirinn.

Taighdeoirí ó Thar Lear a Mhealladh

Braithfidh straitéis um fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann amach anseo go mór ar ár gcumas mórthaighdeoirí a bheidh soghluaiste go hidirnáisiúnta a mhealladh. Ag a cruinniú i Liospóin i mí an Mhárta 2000, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach ar sprioc straitéiseach don Eoraip chun go bhféadfadh sí an geilleagar faisnéisbhunaithe is iomaíche agus is dinimicí sa domhan a bhaint amach. Mar chuid de chuspóir níos leithne seo de chuid an AE, is tosaíocht bhunaithe de chuid na hÉireann é cumas agus infrastruchtúr taighde, forbartha agus nuálaíochta atá ar chaighdeán domhanda a chruthú. Ina dhiaidh sin, ag cruinniú de chuid na Comhairle Eorpaí in Barcelona in 2002, bunaíodh sprioc AE go gcaithfí 3% d'Olltáirgeacht Intíre ar thaighde agus ar fhorbairt faoi 2010.

Is ceist straitéiseach ríthábhachtach sna blianta beaga amach romhainn don tír seo mar sin í an cheist a bhaineann le taighdeoirí cáiliúla iarchéime, iardhochtúireachta agus sinsearachta ó thar lear a mhealladh isteach i gcóras na hÉireann. Rinne grúpa idir-rannach, a raibh an fhreagracht air plean náisiúnta gníomhaíochta na hÉireann a ullmhú chun sprioc Barcelona a bhaint amach, sainaithe ar raon beart go leithleach a bhfuil sé mar aidhm acu an tarraingteacht a bhaineann le gairmeacha sa taighde a mhéadú, deiseanna taighde a leathnú agus éascaíocht a dhéanamh do shoghluaisteacht taighdeoirí sciliúla isteach go hÉirinn. Molann an grúpa go dtacódh Oideachas Éireann go láidir leis na gníomhaireachtaí maoinithe taighde agus leis na forais ardoideachais ina n-iarrachtaí margaíocht ar Éirinn mar cheann scríbe den scoth le haghaidh gairmeacha sa taighde agus i gcur i bhfeidhm plean náisiúnta gníomhaíochta na hÉireann chun dul chun cinn an taighde agus na forbartha a mhéadú go dtí an bhliain 2010.

Soiléireacht maidir le costais iomlána cúrsaí

Sonraíodh, maidir leis an easpa cinnteachta faoi leibhéal na dtáillí a bheadh i gceist do mhic léinn ó thar lear dá ndara bliain den staidéar agus do na blianta staidéir ina dhiaidh sin in Éirinn, go bhféadfadh sé sin a bheith ina bhac ar an tarraingteacht a bhaineann le hÉirinn mar ionad staidéir. Is toradh é seo ar an gcur chuige atá ag soláthróirí oideachais in Éirinn maidir le táillí a leagan amach ar bhonn bliantúil, agus an fhéidearthacht ann go mbeadh athruithe i gceist i leibhéal na méaduithe ó bhliain go bliain ag brath ar bhrúnna costais. Cé go raibh leibhéal na méaduithe comhsheasmhach go maith in imeacht na mblianta, mar sin féin, d'fhéadfadh an éiginnteacht do mhic léinn phoitéinsiúla faoi leibhéal iomlán na dtáillí thar thréimhse an chláir feidhmiú mar bhac in aghaidh chumas na hÉireann leas a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le roinnt de na margáí.

Ba chóir d'fhorais a bhfuil sé i gceist acu mic léinn ó thar lear a mhealladh iarracht a dhéanamh réamhaisnéis a chur ar fáil maidir leis na pacáistí táillí a léiríonn leibhéal na dtáillí a bheidh le híoc gach bliain den chlár. Tuigtear go mbeidh meastachán ag teastáil roimh ré maidir le méaduithe ar an táille dhochúil bhliantúil thar thréimhse an chláir. Thabharfadh bainistíocht chiallmhar maidir le meastacháin ar chostais agus ar bhoilsciú san am atá amach anseo le fios gur ghá cur chuige coimeádach, a mbeadh préimh i gceist leis, a chur i bhfeidhm chun cinnteacht faoi leith a chur ar fáil don mhac léinn. Chun na críche sin, níor chóir, áfach, aon phréimh a chur i bhfeidhm, a bheadh iomarcach. Molann an Grúpa gur chóir d'fhorais ardoideachais go háirithe iniúchadh a dhéanamh ar na cuir chuige fhéideartha ina leith seo chun go mbeidís in ann an chinnteacht is mó is féidir a sholáthar dá mic léinn phoitéinsiúla faoi chostais thar thréimhse iomlán a gcuid staidéir.

Ciníochas

Luadh an cheist i rith obair an Ghrúpa faoi iompar ciníoch i leith mic léinn ó thar lear. Mar thoradh ar ghealltanais a thug Rialtais ag Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe in Aghaidh Ciníochais san Afraic Theas in 2001, tá an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag tabhairt Plean Gníomhartha Náisiúnta in Aghaidh Ciníochais (PGNAC) chun críche.

Is iad an dá aidhm atá ag an PGNAC ná an ciníochas a chloí agus sochaí níos uilechuimsithí agus níos idirchultúrtha a fhorbairt. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach go hiomlán, tá an PGNAC bunaithe ar na cúig chuspóir seo a leanas:

- Cosaint éifeachtach in aghaidh an chiníochais agus cúiteamh i leith ciníochais.
- Uilechuimsitheacht eacnamaíoch agus comhionannas deiseanna
- Áit a dhéanamh don ilghnéitheacht i soláthar seirbhísí lena n-áirítear an tOideachas.
- Aitheantas a thabhairt d'ilghnéitheacht agus a bheith feasach ina taobh.
- Rannpháirtíocht iomlán i sochaí na hÉireann.

Ceapann an Grúpa go soláthróidh an plean agus a chuid cuspóirí bunchloch thábhachtach chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar ilchultúrachas agus na leasa a bhaineann le hilghnéitheacht. Ar an tslí sin, beidh sé ina pháirt mhór den obair a dhéanfar chun an ciníochas a chloí. Ba chóir go mbeadh glacadh na mbeartas de réir an phlean riachtanach chun an Marc um Cháilíocht a bhaint amach.

An Tuaisceart–An Deisceart

De réir ghealltanais an Rialtais maidir le tosaíocht a thabhairt do chomhoibriú idir an Tuaisceart agus an Deisceart, gníomhaíocht reatha an idir an Tuaisceart/an Deisceart a chothú agus réimsí nua a shainiú a d'fhéadfaí a fhorbairt, rinne an Grúpa machnamh ar an scóip a bhaineann le comhoibriú níos fearr maidir le mic léinn ó thar lear a mhealladh. Tá an scóip le haghaidh comhghníomhaíochtaí sa réimse seo teorannaithe de bharr go bhfuil an Marc um Cháilíocht faoi réir creata nach féidir a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, ceaptar go gcaithfear tuilleadh iniúchta a dhéanamh i gcomhar leis na forais ar na féidearthachtaí atá ann sa réimse seo. Dá réir sin, moltar gur chóir d'Oideachas Éireann dul i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla chun réimsí, i seirbhísí idirnáisiúnta oideachais, a bhféadfaí tuilleadh comhoibrithe a bhunú iontu a shainiú.

Faisnéis Idirlíon-bhunaithe

Tá an chosúlacht ann go mbeidh mic léinn phoitéinsiúla ó thar lear ag brath ar fhaisnéis idirlíon-bhunaithe mar phríomhacmhainn chun cinntí a dhéanamh maidir lena rogha ceann scríbe. Tá sé riachtanach go mbeidh láithreach láidir ar an idirlíon ag soláthróirí oideachais na hÉireann do mhic léinn ó thar lear, trína gcuirí faisnéis inchreidte, ábhartha, cothrom le dáta ar fáil. Ba chóir d'Oideachas Éireann oibriú le soláthróirí seirbhísí oideachais do mhic léinn ó thar lear chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as an tairseach náisiúnta d'ardoideachas agus taighde atá molta d'Éirinn chun faisnéis le haghaidh margaíochta ar sheirbhísí oideachais na hÉireann a sholáthar. Ba chóir tosaíocht a thabhairt don chuspóir sin. Ba chóir d'Oideachas Éireann oibriú le soláthróirí seirbhísí oideachais do mhic léinn ó thar lear chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as an tairseach seo chun faisnéis le haghaidh margaíochta ar sheirbhísí oideachais na hÉireann a sholáthar.

Conclúid

Tá scóip shuntasach ann chun méadú a dhéanamh ar idirnáisiúnú na seirbhísí oideachais. Tá an t-éileamh atá ann ag méadú i ngach earnáil agus is é leas na tíre é go n-oibreodh gach páirtí agus gníomhaireacht le chéile i struchtúr comhtháite agus lánpháirtithe chun spriocanna agus cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Tá cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe riachtanach.

Cinntoidh bunú an chomhlachta nua ‘Oideachas Éireann’ go dtabharfar faoin gcur chuige cuimsitheach agus comhordaithe sin. Beidh Oideachas Éireann ar an bpríomhghníomhaireacht chun Éire a chur chun cinn mar ionad oideachais den scoth agus oibreoidh sí i gcomhar le forais oideachais agus gníomhaireachtaí ábhartha chun méadú ar sheirbhísí oideachais d’ardchaighdeán do mhic léinn ó thar lear a phleanáil go straitéiseach.

Gné an-tábhachtach chun foghlaimeoirí a mhealladh ó thar lear le tabhairt faoina gcuid oideachais ná go mbeadh cáilíocht an eispéiris oideachais le sonrú go soiléir. Sa chomhthéacs sin, ní bhaineann cáilíocht go díreach le caighdeán acadúla cláir; baineann sí chomh maith le diminsin níos leithne d’eispéireas oideachais an duine aonair, bunaithe ar cháilíocht na dtacaíochtaí agus na seirbhísí trí chéile. Áirítear orthu sin, mar shampla, seirbhísí treorach, lóistín, sláinte agus leasa. Tá socruithe daingne um dhearbhu cáilíochta ina mbunchloch d’aon straitéis chun margaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí oideachais na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfaí an bonn a bhaint ó cháilíocht eispéireas oideachais na mac léinn ó thar lear de bharr na scóipe atá ann faoi láthair mí-úsáid a bhaint as an gcóras víosa do mhic léinn. D’fhéadfaí é sin a réiteach trí chóras reachtúil clárúcháin a bhunú d’fhorais fhaomhaithe oideachais agus trí shrianta a chur ar na socruithe atá i bhfeidhm do mhic léinn ó Cheantar Eacnamaíoch na hEorpa maidir le rochtain ar an margadh oibre. Tá feabhas ar na seirbhísí víosa riachtanach chomh maith mar ghné fhíor-riachtanach i bhfeabhas a chur ar eispéireas foriomlán na mac léinn ó thar lear a dteastaíonn uathu leanúint lena gcuid staidéir in Éirinn.

Ginfidh breis forbartha ar mhargadh an oideachais idirnáisiúnta buntáistí eacnamaíocha agus buntáistí a bhaineann leis an tsochaí don tír seo. Tig le láithreach na mac léinn ó thar lear cabhrú le tuiscint, caoinfhulaingt agus comhtháthú a chur chun cinn laistigh d’Éirinn agus le sochaithe, cultúir agus tíortha eile. Ar an gcaoi sin, léiríonn sé bealach chun tógáil ar ghréasáin agus ar theagmhálacha a d’fhéadfadh tacú le forbairt ar chomhoibriú eacnamaíoch, airgeadais agus polaitiúil san am atá amach romhainn. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo an turasóireacht chun cinn chomh maith san am atá amach romhainn agus go gcabhródh sé le heaspórtáil earraí agus seirbhísí na hÉireann a chur chun cinn. Tá tasc tábhachtach le déanamh ag Oideachas Éireann agus beidh comhoibriú na bpáirtithe leasmhara uile ag teastáil chun a chinntiú go n-éireoidh lena n-iarrachtaí.

Aguisín I

1 Creat um Dhearbhú Cáilíochta don Ardoideachas

Déanann an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) maoirseacht ar dhearbhu cáilíochta sna hOllscoileanna, agus san earnáil ardoideachais lasmuigh de na hollscoileanna, is í Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilíúna (HETAC) an comhlacht inniúil a dhéanann maoirseacht ar bheagnach gach foras, seachas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a dhámhann a cuid dámhachtainí féin.

Foráiltear go sonrath in Acht na nOllscoileanna, 1997, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 1997, gur chóir do gach ollscoil “nósanna imeachta a bhunú do dhearbhu cáilíochta a bheadh dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht an oideachais agus seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn an ollscoil”. Is múnla féinmheasúnaithe é seo, múnla a thugann aitheantas d’fhéinriail institiúideach. Mar chuid den mhúnla sin, caithfear measúnú a dhéanamh, ar a laghad uair gach deich mbliana, ar gach roinn agus, nuair is cuí, ar gach scoil ollscoile agus aon seirbhís a chuireann an ollscoil ar fáil. Is fostaithe de chuid na hollscoile sa chéad dul síos a thabharfaidh faoin measúnú seo agus chomh maith leo sin, daoine nach fostaithe de chuid na hollscoile iad, atá ábalta comparáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh maidir le cáilíocht an teagaisc agus an taighde agus maidir le soláthar seirbhísí eile ag leibhéal ollscoile. Chomh maith leis sin, ní mór go n-áireofar ar na nósanna imeachta sin, measúnú a dhéanann daoine, lena n-áirítear mic léinn, a bhaineann úsáid as an teagasc, taighde agus seirbhísí eile a chuireann an ollscoil ar fáil, agus ní mór do na nósanna imeachta soláthar a dhéanamh d’fhoilsiú an mheasúnaithe i cibé foirm agus slí is cuí le húdarás na hollscoile. Caithfidh údarás ollscoile aon torthaí ar mheasúnú, a dhéantar faoi réir na nósanna imeachta a leagtar amach faoin alt seo, a chur i bhfeidhm, seachas má cheapann an t-údarás ollscoile go mbeadh sé neamhphraiticiúil nó míréasúnach, ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil don ollscoil, é sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ní mór do gach údarás ollscoile, gach 15 bliana ar a laghad, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil don ollscoil agus i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas, socrú a dhéanamh chun athbhreithniú a chur ar bun ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta dá bhforáiltear san alt seo agus, chomh maith leis sin, chun na torthaí a eascraíonn ó chur i ngníomh na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm agus an forthoradh iomlán ar athbhreithniú dá leithéid sin a fhoilsiú.

In 2003, d’fhoilsigh Comhghairm Ceannairí Ollscoileanna Éireann “*A Framework for Quality in Irish Universities – Meeting the Challenge of Change*”. Ceann de na príomh-mholtaí a rinneadh ná go mbunófaí Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Is é an aidhm a bhí ag an mBord, a raibh an creat reachtaíochta in Acht na nOllscoileanna 1997 mar bhunchloch aige, ná an cleachtas is fearr maidir le dearbhú cáilíochta a chur chun cinn in earnáil na n-ollscoileanna.

Ar leibhéal níos leithne, tá ról reachtúil faoin Acht ag an Údarás um Ard-Oideachas cabhrú le hollscoileanna a gcuspóirí a bhaint amach go ginearálta. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta um cháilíocht a bunaíodh agus féadfaidh sé tuarascáil a fhoilsiú ar an bhforthoradh a bheadh ar athbhreithniú den chineál sin – próiseas a chuirtear ar bun i gcomhairle le húdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Tabharfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas faoin gcéad athbhreithniú dá leithéid sin ar nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta, in 2003/04. Cuirfidh sé maoiniú faoi leith ar fáil chomh maith faoin bPlean

Forbartha Náisiúnta d'ollscoileanna chun forbairt ar nósanna imeachta agus próisis um dhearbhu cáilíochta a éascú. Is é an aidhm faoi leith atá leis an maoiniú seo éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt ar chur chuige earnálach i leith an dearbhaithe cáilíochta - cur chuige a d'fhéadfaí a thagarmharcáil in aghaidh an chleachtais is fearr san Eoraip agus sa domhan.

Tá Dearbhú Feabhais i bhforais ardoideachais lasmuigh d'earnáil na n-ollscoileanna (cosúil leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta) faoi réir mhaoirseacht Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna. D'fhorbair réamhtheachtaí na Comhairle, Comhairle Náisiúnta na nDámhachtainí Oideachais, an córas um dhearbhu cáilíochta ó 1972 i leith. Áirítear air sin athbhreithniú ar fhorais agus ar chlár, chomh maith le clár a chreidiúnú. Áirítear ar na clár a creidiúnaíodh clár ghearr-thimthriallacha fochéime chomh maith leo siúd le haghaidh céimeanna Baitsiléarachta, Máistreachta agus Dochtúireachta. D'fhorbair an Chomhairle Córas Aistriú Creidmheasanna na hEorpa (ECTS) mar chóras caighdeánach creidmheasanna don earnáil sheach-ollscoile. Tá an Chomhairle ina ball de Ghréasán na hEorpa um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas, Gréasán Creidiúnúcháin na hEorpa, an Comhthionscnamh Cáilíochta agus, mar óstach ar chomhdháil dhébhliantúil 2003 Ghréasán Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí Dearbhaithe Cáilíochta san Ardoideachas, d'eagraigh sí Cruinniú Réigiúnach na hEorpa de chuid an chomhlachta sin.

Bhunaigh Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna. Tá an dá chomhairle dámhachtainí freagrach as measúnú agus aontú ar nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta de chuid soláthróirí a bhfuil a gcuid dámhachtainí creidiúnaithe ag na Comhairlí, agus tá siad freagrach chomh maith as monatóireacht ar cháilíocht clár, as a chinntiú go bhfuil socrúithe don mheasúnú cóir agus comhsheasmhach, agus go gcloíonn an fhoráil do rochtain, aistriú agus dul chun cinn an fhoghlaiméora leis na nósanna imeachta a chuireann an tÚdarás ar bun. Caithfidh measúnú rialta le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus measúnú le foghlaiméoirí a bheith san áireamh sna nósanna imeachta. Caithfidh an soláthróir aon torthaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm na nósanna imeachta a chur i ngníomh, de réir mar a chinneann an chomhairle dámhachtainí. Caithfidh an chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta. Chomh maith leis sin, forálann an tAcht go gcaithfidh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a aontú le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, agus chomh maith leis sin measúnú rialta a chur ar bun le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus foghlaiméoirí ar a gcuid clár oideachais agus oiliúna agus ar sheirbhísí coimhdeacha eile. Déanfaidh an tÚdarás plé ar na torthaí a eascraíodh ó mheasúnuithe dá leithéid sin agus d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé moltaí faoi bhráid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, moltaí a chuirfidh an Institiúid i ngníomh. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta sin chomh maith. Tá an tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí freagrach as na beartais agus na critéir, ar a bhfuil an Creat Náisiúnta um Cháilíochtaí bunaithe, a bhunú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Áirítear ar fhreagrachtaí eile an Údaráis: athbhreithniú ar fheidhmiú na gcomhairlí dámhachtainí, na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ag soláthróirí do rochtain, aistriú agus dul chun cinn foghlaiméoirí a leagan amach, agus athbhreithniú a dhéanamh, ar a laghad uair gach cúig bliana, ar an gcaoi a gcuireann na hollscoileanna na nósanna imeachta sin i ngníomh.

Aguisín II

Aighneachtaí a seoladh chuig an nGrúpa Oibre ar Idirnáisiúnú na Seirbhísí Oideachais

1. An tUasal Jack Healy, StudyGroup, 8 Sráid Mhór San Seirse Theas.
2. An tUasal Seán Ó Foghlú, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI)
3. Mary Ruane, Uasal, Stiúrthóir, Ionad na dTeangacha Feidhmeacha, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
4. An tUasal Michael McGrath, Stiúrthóir, Comhghairm Ceannairí Ollscoileanna Éireann (CHUI)
5. An tUasal Simon Grehan, Coláiste Hibernia, Cearnóg Fitzwilliam
6. An Dr Frank McMahon, Stiúrthóir, Gnóthaí Acadúla, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
7. An tUasal John Chrimes, Goirtín, Co. na Gaillimhe
8. Áine Ní Chonaill, Uasal, Immigration Control Platform
9. An tUasal Paul Kennedy, an Institiúid Idirnáisiúnta Staidéir
10. An tUasal John Lynch, Príomhfheidhmeannach, International Education Board of Ireland
11. An Bráthair Bernard Hayes, na Bráithre Críostaí, an tSaimbia
12. An tUasal Mervyn McKeown, Institiúid Fitzwilliam, an Charraig Dhubh
13. Rosemary Quinn, Uasal, Cathaoirleach, Centre of English Studies, Sráid an Dáma
14. An tUasal Jonathon Harris, Stiúrthóir, Innovative Public Sector Solutions, Corn na Breataine
15. Anna Cunningham, Uasal, Coláiste Bainistíochta Óstánaíochta Shionainne
16. An tUasal Jim Ferguson, An Chomhairle um Scoileanna Bearla
17. An tUasal Peter O'Mahony, Comhairle Teifeach na hÉireann
18. Hilary McElwain, Uasal, MEI-RELSA
19. An Dr Wendy Cox, Príomhfheidhmeannach, an Chomhairle do Mhic Léinn Eachtracha in Éirinn
20. An tUasal Liam Ó Dochartaigh, Ollscoil Luimnigh
21. Gail Brady, Uasal, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)
22. An Dr David Barnwell, Institiúid Teangeolaíochta Éireann
23. Mary Stenson, Uasal, Griffith College, Baile Átha Cliath
24. An tUasal Brian Mulligan, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
25. Margaret Cohen, Uasal, Comhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta

Aguisín III

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Idirnáisiúnú na Seirbhísí Oideachais.

Cathaoirleach: An tUasal Nollaig Ó Díomasaigh, TD, an tAire Oideachais agus Eolaíochta
An tUasal Paddy McDonagh, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tUasal Seán Harkin, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tUasal Kevin McCarthy, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Ruth Carmody, Uasal, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tUasal Muiris O'Connor, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tUasal Ken Thompson / an tUasal Peter Ryan, an Roinn Gnóthaí Eachtracha
An tUasal Paul Burns, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An tUasal Francis Rochford, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
An tUasal Pat Hayden, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Anne Nolan, Uasal / an tUasal John Conlon, an Roinn Airgeadais

Rúnaí: An tUasal Paul Dunphy, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Leabharliosta

- An tÚdarás um Ard-Oideachas 2003: Provision of Undergraduate and Taught Graduate Postgraduate Education to overseas Students in Ireland
- Rialtas na hAstráile 2003: Engaging the World through Education. Ministerial statement on the Internationalisation of Australian Education and Training
- Rialtas na Nua-Shéalainne £15m (2002) Code of Practice for the Pastoral Care of International Students
- OECD Education Policy Analysis 2002
- INES – OECD 2004: Internationalisation of Tertiary Education – Background documents for 22nd Meeting of Technical Group, May 2004 (TG(2004)6)
- An Cumann Eorpach um Oideachas Idirnáisiúnta (EAIE) 2003: The Multinational University! Discussion Paper 15